



TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2022



Comhar Creidmheasa
Cholm Cille Teo

" Áitiúil & ar son an Phobal "

Dáta: Déardaoin 15ú Nollaig
Am: 8:00 i.n
Ionad: Seanscoil Sailearna & Ar Líne (Zoom)



Comhar Creidmheasa
Cholm Cille Teo

2022, i bhfigiúirí

€57.2 milliún

Iomlán Sochmhainní



9,147 Baill

in iomlán



€13.85 milliún

in iasachtaí



1,581 Ball

le iasacht



€3.5 milliún

Iasacht Cairr



€1.8 milliún

Iasachtaí
Athcóirithe Tí




Cruinniú Cinn Bliana 2022

Dáta: Déardaoin 15ú Nollaig

Am: 8:00 i.n

Ionad: Seanscoil Sailearna & ar líne tríd Zoom

Seol r-phost chuig **eolas@cccholmcille.ie** chun clárú don chruinniú ar líne



Fógra maidir le Cruinniú Cinn Bhliana

Tionólfar cruinniú cinn bhliana Chomhar Creidmheasa Cholm Cille Teoranta go hibrídeach i mbliana. Beidh an cruinniú ar bun i Seanscoil Sailearna chomh maith le bheith ar Zoom ar an Déardaoin, 15ú Nollaig 2022 ag 8.00 i.n.

Tabhair faoi deara an méid seo a leanas más mian leat freastal ar an gcruinniú ar líne:

- Is gá do bhaill ríomhphost a sheoladh chuig **eolas@cccholmcille.ie** chun clárú don chruinniú – bain úsáid as an seoladh ríomhphost céanna atá cláraithe agat le Comhar Creidmheasa Cholmcille Teo, más féidir.
- Bainfear úsáid as an ardán Zoom don chruinniú seo – cuirfear nasc dó/di féin ar fáil do gach ball – ná roinn é le haon duine eile ionas go mbeidh fhios cé tú féin ag an gcruinniú.
- Ba cheart do na baill clárú roimh 18.00 ar an Luan, 11ú Nollaig . B'fhéidir go mbeadh ort cruthúnas ballraíochta a chur ar fáil, d'uimhir ballraíochta san áireamh;
- Beidh deis ag baill vóta a chaitheamh má tá duine ag freastal go fisiciúil ar an gcruinniú nó má tá duine ar líne tríd Zoom
- B'fhearr aon cheisteanna a chur isteach roimh an gcruinniú, ach beidh baill in ann é seo a dhéanamh freisin le linn an chruinnithe ar an oíche.
- Beidh crannchur á reáchtáil ar an oíche do na baill a bheidh i láthair ag an gcruinniú. Tá fáilte roimh gach uile bhall freastal ar an gcruinniú cinn bhliana.

Chomh maith le gnáth-imeachtaí an chruinnithe, tá folúntas amháin le líonadh ar an mBord Stiúrtha chomh maith le dhá fholúntas ar an gCoiste Maoirseachta Boird. Is féidir tuilleadh eolais mar aon le foirm iarratais a fháil in oifigí an Chomhair Chreidmheasa, in Indreabhán nó ar an gCeathrú Rua. Má tá suim agat páirt a ghlacadh i bhforbairt an Chomhair Chreidmheasa, labhair linn! Is é an dáta deiridh a nglacfar le hiarratais ná 12/12/2022.

An Runaí, 17ú Samhain 2022

Achainí an Chomhair Chreidmheasa

A Thiarna, lig dom síolta na síochána a scaipeadh
An grá mar a mbíonn an fuath
An maithiúnas mar a mbíonn an chiontacht
An t-aontas mar a mbíonn an t-easaontas
An fhírinne mar a mbíonn an earráid
An creideamh mar a mbíonn an dorchadas
An t-áthas mar a mbíonn an brón
A Thiarna, go mba é mo rún sa bheatha seo
Sólás a thabhairt do mo chomharsa in áit sólás a fháil uaidh
Tuiscint a bheith agam dó in áit tuiscint a bheith aige dom
Grá a thabhairt dó in áit grá a lorg uaidh
Óir nuair a thugann muid uainn tugtar dúinn
Nuair a thugann maithiúnas tugtar maithiúnas dúinn
Nuair a bhásaímid, téimid isteach san mbeatha síoraí
Áiméan

Bainistigh do chuid airgid ag aon am, in aon áit leis an **Aip Nua Móibileach agus** **Seirbhísí Baincéarachta ar Líne**



Fáigh ar do chuntas
ag am ar bith

- Aistrigh airgead idir do chuid cuntas
- Íoc Billí
- Déan iarratas ar iasacht
- Uaslódáil doiciméid bainteach le do chuntas



Cláraigh do chuntas Baincéarachta ar líne ag www.cccholmcille.ie
Íoslódáil an Aip nua Comhar Creidmheasa Cholmcille ar siopa aip Android nó IOS

**Cruinniú Cinn
Bhliana 2022
Clár an Chruinnithe**

1. Glacadh le Seachvótálaithe
2. Cinntiú go bhfuil Córam i láthair (30)
3. Glacadh le Buan-Orduithe
4. Miontuairiscí Cruinniú Cinn Bhliana 2021
5. Tuairisc an Bhoird Stiúrtha
6. Tuairisc an Bhainisteora
7. Tuairisc ón gCoiste Maoirseachta
8. Tuarascáil na nIniúcháirí Neamhspleácha
9. Tuairisc Airgeadais agus Fógairt Díbhinne
(Más ann dó)
10. Tuairisc ón gCoiste Creidmheasa
11. Tuairisc ón gCoiste Rialaithe Creidmheasa
12. Tuairisc ón gCoiste Infheistíochta
13. Tuairisc Ballraíochta
14. Toghadh Áiritheoirí
15. Toghadh
 - (a) Iniúcháirí
 - (b) Maoirseoirí agus
 - (c) Stiúrthóirí
16. Aon Ghnó Eile
 - (a) Fógairt Torthaí na dToghchán
17. Crannchur agus Críoch leis
an gCruinniú

Clár Ábhar

Fógra do Bhaill an Comhair Chreidmheasa	1
Clár an Chruinnithe Chinn Bhliana 2022.....	3
Buan-Orduithe	4
Cruinniú Cinn Bhliana 22 Feabhra 2022 (Miontuairiscí).....	5
Tuairisc an Bhord Stiúrtha	9
Tuairisc an Bhainisteora	11
Tuairisc an Choiste Maoirseachta Boird	12
Tuarascáil an Iníúcháir Neamhspleách do na Baill	16
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	20
Clár Comhardaithe	21
Nótaí a Ghabhann leis na Ráitis Airgeadais	24
Sceidil a Ghabhann leis na Ráitis Airgeadais	46
Anailís ar Speansais Bhainstíochta Eile	47
Tuairiscí ón na Coistí Oibre.....	48

Buan-Orduithe do Chruinniú Chinn Bhliana 2022

NÓS IMEACHTA VÓTÁLA – VÓTÁIL LEICTREONACH/FISICIÚIL

1. Vóta tromlaigh agus ballóid rúnda a bheidh i gceist i gcás thoghcháin don Bhord Stiúrthóirí, do Choiste Maoirseachta an Bhoird agus do phost an Iníúcháir. Ó tharla gur cruinniú hibrídeach a bheidh i CCB na bliana seo, beidh vótaí á gcaitheamh go leictreonach agus ar pháipéar dóibh siúd a bheidh ag freastal ar an gcruinniú go fisiciúil. Comhairfidh na háiritheoirí na vótaí agus fógróidh an cathaoirleach na torthaí.
2. Beidh fáilte roimh bhaill ceisteanna a chur faoi bhráid an bhoird roimh an gCCB. Is féidir ceisteanna a chur freisin trí úsáid a bhaint as “Q&A” ar Zúm le linn an CCB nó ceist a chur ón urlár ar an oíche. Pléifidh an bord na ceisteanna seo le linn an CCB, agus cuirfear san áireamh iad i miontuairiscí CCB.
3. Is é/i an Cathaoirleach a dhéanfaidh an cinneadh deiridh maidir le haon ábhar a bhaineann leis na Buan-Orduithe seo nó leis an mbrí atá leo.

GNÉITHE ÉAGSÚLA

4. Is é an Cathaoirleach a bheidh ina Chathaoirleach ar aon chruinniú ginearálta, ach amháin i gcás nach mbeidh sé ar fáil, agus sa chás sin is í an Leas-Chathaoirleach mar Chathaoirleach, ach amháin i gcás nach mbeidh sí ar fáil, agus sa chás sin, déanfaidh an Bord cinneadh eatarthu féin cé a bheidh mar Chathaoirleach ar aon chruinniú ginearálta.
5. Féadfaidh an Cathaoirleach dá rogha féin cead cainte a thabhairt do dhuine nach bhfuil ina bhall den Chomhar Creidmheasa.

6. Féadfar ábhair nach gclúdaíonn an Clár Oibre a thabhairt isteach faoi “Aon Ghnó Eile” de réir rogha an Chathaoirligh. Faoi mar atá cúrsaí faoi láthair agus muid ag freastal ar CCB fíorúil, b’fhéidir nach mbeadh sé sin praiticiúil, ach é sin ráite, féadfar an rogha seo a úsáid, más gá.
7. Beidh an dara vóta nó an vóta réitigh ag an gCathaoirleach i dteannta a vóta féin ar ábhair seachas an vótáil i dtoghcháin ina mbeidh comhionannas vótaí i gceist (de réir Rial 99 (1) de Rialacha na gComhar Creidmheasa).
8. Is trí vóta an tromlaigh a dhéanfar aon chinneadh maidir le haon ábhar a gcaithfear vóta ina leith, mura bhfuil a mhalairt sainráite sa dlí nó sna rialacha.
9. Déanfar an CCB a thaifead chun éascaíocht a dhéanamh maidir leis na miontuairiscí a ghlacadh.

CRUINNITHE A CHUR AR ATRÁTH

10. Ní dhéanfar an CCB a chur ar atráth ach de réir alt 81(1) agus freisin leagtar amach na forálacha maidir le fógra, vótáil agus córam in alt 81 (agus alt nua 80A an Achta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha) 2020).
11. Is é an córam don chruinniú ná 30, de réir rial 99 (5) de Rialacha an Chomhair Chreidmheasa.
12. Ceadófar cúig nóiméad le rún a mholadh, agus trí nóiméad ag gach duine eile, ar dhiscreíd an Chathaoirligh. Beidh cead ag moltóir rún labhairt arís ag deireadh na díospóireachta ar an rún ar feadh trí nóiméad eile ar a mhéad.
13. Níl cead athrá ar chaint a bheidh ráite cheana, ach amháin le cur in iúl go n-aontaítear leis.

Miontuairiscí an Chruinnithe Chinn Bhliana 2021

a tionóladh ar an 22 Feabhra 2022 ag 8.00 i.n.

ar ZOOM mar thoradh na géarchéime COVID-19.

Cathaoirleach	Dónall Mac Giolla Bhríde	Rúnaí	Yvonne Ní Loideáin
Bainisteoir	Treasa Uí Fhátharta	Iníúcháirí	DHKN
Teicneolaíocht	Justin McCarthy agus GRC		

Oscailt

D’fháiltigh an cathaoirleach, Dónall Mac Giolla Bhríde, na baill a bhí i láthair chuig an 35ú cruinniú ginearálta bliantúil. Cuireadh in iúl go mbeadh:

- clár an chruinnithe á leanacht mar is iondúil
- lámh in airde le déanamh ar ZOOM le tuairiscí a mholadh agus le cuidiú leo
- deis ceisteanna a chur ag deireadh an chruinnithe.

Chuir Dónall in iúl go raibh Treasa Uí Fhátharta, Micheál Mac Donncha agus Justin McCarthy a bhí i mbun teicneolaíochta sa seomra leis. Glacadh nóiméad ciúnais ag tús an chruinnithe le smaoineamh ar Bhetty Uí Bhaoill, duine de bhunaitheoirí an Chomhair Creidmheasa, a bhásaigh le linn na bliana.

Seachvótálaithe

Ní raibh seachvótálaithe i láthair ag an gcruinniú.

Córam

Deimhníodh go raibh córam i láthair, le 33 ball ag an gcruinniú.

Buanorduithe

Déanadh leasú ar na buanorduithe. Is go leictreonach a caitheadh na vótaí arís i mbliana.

Moladh agus glacadh leis na buanorduithe ar mholadh ó Aoife Ní Chonghaile agus cuidithe ag Brian Ó Cuív.

Miontuairiscí Chruinniú Ginearálta Bliantúil 2020

Glacadh leis go raibh miontuairiscí na bliana seo caite (27 Aibreán 2021) léite ag na baill roimh thús an chruinnithe. Glacadh ansin leis na miontuairiscí ar mholadh ó Johanna Ní Mháille agus cuidithe ag Jack Mac Giolla Bhríde.

Tuairisc an Bhoird Stiúrtha

Chuir an cathaoirleach, Dónall Mac Giolla Bhríde, baill an chruinnithe ar an eolas go bhfuil ról an bhord stiúrtha athruithe le 25 bliain anuas. Glacadh buíochas le baill a d'oibrigh go deonach i rith an ama sin agus a chabhraigh fás agus forbairt na heagraíochta a chur chun cinn. Rinneadh cur síos sa tuairisc ar an ngaol láidir idir an bord stiúrtha agus an fhoireann oibre agus an rath a eascraíonn dá bharr. Tagraíodh do dhá aidhm a leagadh síos don bhliain airgeadais – coigiltis a bhainistiú agus iasachtaí a ardú. Tuairiscíodh gur éirigh leis an gComhar Creidmheasa an dá aidhm sin a bhaint amach le linn na bliana. Gabhadh buíochas le stiúrthóirí an bhoird as a gcuid oibre i rith na bliana agus moladh obair an bhainisteora agus a foireann. Mhol Bríd Uí Chuív an tuairisc agus chuidigh Jack Mac Giolla Bhríde leis.

Tuairisc an Bhainisteora

Léigh Treasa Uí Fhátharta tuairisc an bhainisteora do na baill. Luaigh Treasa a bród go raibh sé ar chumas an Chomhair Creidmheasa na doirse a choinneáil oscailte le linn na paindéime. Mhol sí a foireann as ucht a gcuid oibre ina leith seo. Cuireadh in iúl gur mhéadaigh líon na n-iasachtaí a eisíodh i rith na bliana agus luach na scaireanna de bheagán freisin. Moladh na baill a bhí chomh tuisceanach leis an vaeorainn a tugadh isteach ar choigilteas. Dúradh go raibh dúshlán ag baint leis an titim leanúnach ar ús ar infheistíochtaí agus go bhfuil breis oibre á dhéanamh ar chúrsaí margáíochta le dul i ngleic le seo. Baintear go leor úsáide as an suíomh idirlín agus aip a seoladh i rith na bliana. Tá éileamh ar an lá breise a bhfuil an Comhar Creidmheasa oscailte freisin.

Glacadh buíochas freisin leis an mbord stiúrtha, an coiste maoirseachta boird agus na coistí éagsúla as an obair dheonach i rith na bliana. Glacadh buíochas ar leith leis an bhfoireann a d'oibrigh go paiteanta le linn na bliana. Mhol Tadhg Ó Cualáin an tuairisc agus chuidigh Máire Aoibhinn Ní Ógáin leis.

Tuairisc an Choiste Maoirseachta

Thug Brian Ó Cuív le fios gur chas an coiste maoirseachta boird leis an mbord stiúrtha 4 huairé i rith na bliana agus gur cuireadh tuairisc scríofa faoi bhráid an bhoird. Bhí maoirseoirí amháin ar a mhéid i láthair ag na cruinnithe boird i rith na bliana a raibh dea-chleachtas á leanacht acu. Gabhadh buíochas leis an mbord stiúrtha, leis an mbainistíocht agus leis an bhfoireann. Mhol Aoife Ní Chonghaile an tuairisc agus chuidigh Bríd Ní Cheallaigh leis.

Tuarascáil na nIníúcháirí Neamhspleácha

Léigh Proinsias Kitt ó DHKN tuarascáil na n-iníúcháirí neamhspleácha. Ghlac sé buíochas leis an bhfoireann, an bord stiúrtha agus na baill as ucht a gcomhoibriú agus an cuirtéis a léiríodh i rith an iníúchta. Rinneadh iníúchadh ar ráitis airgeadais Comhar Creidmheasa Cholm Cille ar an 30 Meán Fómhair 2021. Ullmhaíodh iad de réir rialacha cuntasáiochta FRS102 agus tugann siad léargas fírinneach cóir ar an staid airgeadais. Mhol Deborah Ní Ghibne an tuairisc agus chuidigh Bríd Ní Cheallaigh leis.

Tuairisc Airgeadais

Thug Róisín Ní Fhlatharta, DHKN, tríd na ráitis airgeadais muid.

- Mhéadaigh ús ar iasachtaí na mball ó €949,236 i 2020 go €1,031,251 i 2021 agus laghdaigh ioncam infheistíochta ó €407,529 i 2020 go €398,187 i 2021.
- Laghdaigh caiteachas ó €1,317,432 i 2020 go €1,101,323 i 2021.
- Tá méadú tagtha ar an soláthar in aghaidh drochfhiacha ó €943,001 i 2020 go €974,097 i 2021.
- Míníodh go raibh barrachas ioncaim thar chaiteachas méadaithe ó €51,066 i 2020 go €341,048 i 2021.
- Tá socmhainní iomlána an Chomhair Creidmheasa méadaithe ó €56,209,414 i 2020 go €57,828,028 i 2021.
- Mhéadaigh taiscí agus infheistíochtaí ó €37,662,146 i 2020 go €41,317,975 i 2021.
- Tháinig méadú ar iasachtaí ó €12,863,462 i 2020 go €13,569,881 i 2021.
- Mhéadaigh scaireanna na mball ó €47,396,369 i 2020 go €48,708,043 i 2021.
- Mhéadaigh an cúlchiste rialála ó €6,745,130 i 2020 go €6,940,440 i 2021.

Moladh gan díbhinn a íoc arís i mbliana de bharr cúrsaí úis. Glacadh leis an tuairisc airgeadais ar mholadh ó Mháirín Ní Chonghaile agus cuidithe ag Bríd Uí Chuív.

Fógairt Díbhinne

Moladh ráta díbhinne de 0% don bhliain 2021. Glacadh leis an ráta díbhinne ar mholadh ó Johanna Ní Mháille agus cuidithe ag Aoife Ní Chonghaile. Níor léadh tuairiscí na gcoistí os ard ar an oíche de bharr an chruinnithe a bheith ar ZOOM. Glacadh leis go raibh siad léite ag baill roimh thús an chruinnithe.

Tuairisc an Choiste Creidmheasa

Tugadh le fios gur ceadaiodh 918 iasacht i rith na bliana. Íocadh amach luach €6,601,254 in iasachtaí i gcomparáid le €6,334,154 i 2020. D'fheabhsaigh na hiasachtaí i rith na bliana agus mhéadaigh an leabhar iasachta. Meabhraíodh gur féidir iarratas a dhéanamh ar iasacht ar an suíomh idirlín. Gabhadh buíochas le baill a fuair iasacht linn i mbliana. Glacadh buíochas leis an mbainisteoir, na hoifigigh iasachta agus foireann na hoifige as a gcabhair i rith na bliana. Ghlac Bríd Ní Cheallaigh leis an tuairisc agus chuidigh Máirín Ní Chonghaile leis.

Tuairisc an Choiste Smachtú Creidmheasa

Cuireadh síos ar obair an choiste le linn na bliana agus éifeacht na paindéime ar a gcuid oibre. Bailíodh €28,286 i ndrochfhiacha i 2021. Gabhadh buíochas leis an bhfoireann as a gcuid tacaíochta i rith na bliana. Ghlac Tadhg Ó Cualáin leis an tuairisc agus chuidigh Deborah Ní Ghibne leis.

Tuairisc an Choiste Infheistíochta

Tugadh le fios go raibh €41,317,975 d'infheistíochtaí ag deireadh na bliana. Tá ioncam ó infheistíochtaí laghdaithe ó €407,529 i 2020 go €398,187 i mbliana. Is iad Goodbody comhairleoirí infheistíochta an Chomhair Creidmheasa. Glacadh buíochas le foireann na hoifige agus leis na comhairleoirí infheistíochta as a gcabhair i rith na bliana. Glacadh leis an tuairisc ar mholadh ó Bríd Uí Chuív agus cuidithe ag Johanna Ní Mháille.

Tuairisc an Choiste Ballraíochta

Chláraigh 191 ball nua leis an gComhar Creidmheasa i 2021. Cuireadh fáilte roimh na baill nua go léir. Glacadh leis an tuairisc ar mholadh ó Deborah Ní Ghibne agus cuidithe ag Máirín Ní Chonghaile.

Tuairisc an Choiste Ainmniúcháin

Cuireadh feidhmeanna agus freagrachtaí an choiste ainmniúcháin os ár gcomhair. Glacadh leis an tuairisc ar mholadh ó Johanna Ní Mháille agus cuidithe ag Deborah Ní Ghibne.

Toghadh Áiritheoirí

Moladh Micheál Mac Donncha ina áiritheoir le cúnamh ó Justin McCarthy. Mhol Bríd Ní Cheallaigh é seo agus chuidigh Máire Aoibhinn Ní Ógáin leis.

Togcháin

Bhí vótáil le déanamh ar 3 mhír:

Vóta 1 – Toghdhán Iniúcháin – toghadh DHKN mar iniúcháin do 2022 le 34 vóta.

Vóta 2 – Toghdhán Maoirseoirí – toghadh Micheál Seosamh Ó Neachtain ar an gcoiste maoirseachta boird le 34 vóta.

Vóta 3 – Toghdhán Stiúthóirí – atoghadh Aoife Ní Chonghaile agus Máire Aoibhinn Ní Ógáin agus toghadh Caitlín Ní Ghábháin ar an mbord stiúrtha le 32 vóta.

Leasú Rialacha

Bhí leasú amháin le déanamh ar na rialacha:

Rún uimhir 1 – riail 63 (4) – ní gá an fhoirm um Thuairisceán na nOifigeach a líonadh agus a chur chuig Conradh na hÉireann de Chomhair Creidmheasa níos mó.

Mhol Brian Ó Cuív an leasú agus chuidigh Johanna Ní Mháille leis.

Ní raibh aon ghnó eile.

Glacadh buíochas le baill an bhoird agus choiste maoirseachta boird a d'éirigh as i mbliana. Cuireadh fáilte roimh stiúthóir nua agus ball nua den choiste maoirseachta boird. Glacadh buíochas le Justin McCarthy a bhí i mbun teicneolaíochta le linn an chruinnithe.

Chríochnaigh an cruinniú ginearálta bliantúil ag 8.55 i.n.

Dónall Mac Giolla Bhríde
Cathaoirleach

Yvonne Ní Loideáin
Rúnaí

Tuairisc an Bhord Stiúrtha

Is deacair é a rá tar éis an farrasbarr is ísle le blianta fada ach is fíor go raibh bliain mhaith ag an gComhar Creidmheasa nuair a bhreathnaítear ar a ghnáth ghnó laethúil. Tá na táscairí gnó a léiríonn dea-bhainistíocht le feiceáil go soiléir sna cuntais agus sna tuairiscí éagsúla a chuirfear in bhur láthair anseo anocht ach tá roinnt nithe tar éis tarlú i rith na bliana a bhain an bonn amach as faoi farrasbarr fiúntach a bheith á léiriú mar thoradh na bliana. Titeann sé ormsa mar Chathaoirleach na nithe sin, a bhfuil trí cinn díobh ann, a mhíniú.

Sa chéad áit tá scéal an phinsean. Siar sna 1990'dí bhunaigh Conradh na hÉireann de Chomhair Chreidmheasa (an ILCU) scéim phinsin d'fhostaithe na gcomhar creidmheasa go léir. Scéim phinsin le sochar sainithe a bhí ann agus, cosúil le formhór na gcomhar creidmheasa eile sa tír, chinn bord Chomhar Creidmheasa Cholm Cille ag an am deis a thabhairt dár gcuid fostaithe páirt a ghlacadh ann. Thapaidh na fostaithe a bhí againn ag an am an deis. Roinnt blianta ina dhiaidh tháinig amhras ar an mBord faoi inmharthanacht scéim phinsin le sochar sainithe agus athraíodh go scéim le ranníocaíocht shainithe d'aon fhostaí nua. Cé gur shábháil an cinneadh sin airgead mór dúinn thit costas ard orainn le gairid nuair a tháinig an scéala amach go raibh easnamh €93 milliún i Scéim Pinsean an ILCU. €412,000 de sin a bhí á lorg uaidh Chomhar Creidmheasa Cholm Cille Teo. chun an teasnamh a bhain le baill s'againne a chlúdach. Cheistigh muid gach gné den scéal agus pléadh é ag Cruinniú Chinn Bhliana an ILCU ach, ag deireadh an lae, ní raibh de rogha ach é a íoc. Tar éis plé fada ag Cruinniú Chinn Bhliana an ILCU aontaíodh cúiteamh a íoc as ciste SPS an ILCU, €243,000 de sin a tháinig chugainn ach, fiú ina dhiaidh sin, fágтар glanchostas €169, 000 a chaithefear a chur le costais na bliana.

Baineann an dara ní a bhfuil tionchar aige ar an bhfarasbarr le rialacha caighdeánacha cuntasáíochta a chuireann iallach orainn athruithe i luacháil infheistíochtaí a thaifead sna cuntais. Mar is eol daoibh is bun-pholasaí ag Comhar Creidmheasa Cholm Cille Teo gan infheistíocht a dhéanamh mura bhfuil an tsuim a infheistítear deimhnithe in iomlán ag deireadh na tréimhe infheistíochta. Cinntíonn an polasaí sin nach gcailltear aon airgead ar luach infheistíochtaí ach ní thugann sé smacht dúinn ar luach infheistíochtaí i rith na tréimhe. Mar a tharlaíonn sé tá infheistíocht amháin againn faoi láthair agus bhí a luach ag deireadh na bliana airgeadais €188,133 níos ísle ná mar a hiocadh air. Tiocfaidh an luach sin ar ais go hiomlán faoin am a mbeidh an infheistíocht ag aibiú ach, mar gheall ar rialacha cuntasáíochta, caithefear an laghdú sa luach a léiriú sna cuntais.


Baineann an tríú rud a bhfuil tionchar aige ar an bhfarasbarr le teicneolaíocht agus páipéarachas. Nuair a thógann ball iasacht bhreise sula mbíonn an chéad iasacht íoctha in iomlán cuirtear an méid atá fós le híoc, aon ús atá ag seasamh amach, an t-iasacht nua agus an t-ús nua a bheidh le híoc le chéile agus socraítear tsuim agus tréimhe a chinnteoidh go mbeidh an tsuim iomlán íoctha sa tréimhe aontaithe. Sa chóras ríomhaireachta a bhí againn idir 2012 agus 2018 bhí an mata go léir déanta i gceart agus gach rud léirithe i gceart ach ní raibh aon tagairt sa chomhaontú iasachta den ús a bhí ag seasamh amach ar an gcéad iasacht. Bhí an t-ús sin dlite don chomhar creidmheasa ach, nuair a tugadh faoi deara an teasnamh sa pháipéarachas chinn an Banc Ceannais agus an Rialtóir Airgeadais nach raibh aon cheart an t-ús sin a bhailiú mura raibh sé luaite sna comhaontuithe iasachta. Tá sé seo ar na bacáin le roinnt blianta agus na comhair chreidmheasa a bhfuil impleachtaí aige seo dóibh ag argóint go bhfuil an t-airgead dlite. Chinn an Banc Ceannais áfach gur gá cloí le téarmaí an chomhaontaithe agus aisióc a dhéanamh leis na baill go léir ar bhain sé seo leo. Is fíorbheagán airgid atá i gceist d'aon bhall ach caithefear aisióc a dhéanamh agus an costas iomlán leis a thaifead sna cuntais. Chinn an Bord cloí le treoir

an Bhainc agus soláthar €25,000 a chur sna cuntais chuige sin.

Bhí tionchar ag na rudaí thuas ar roinnt mhaith comhair chreidmheasa eile ar fud na tíre chomh maith. Nuair a chuirtear na nithe thuas sna cuntais, is farasbarr íseal de €5,598 atá le tuairisciú don bhliain.

Tiocfaidh an tsuim atá i gceist le luacháil na hinfheistíochta isteach na cuntais arís nuair a bheidh an infheistíocht áirithe sin ag abú agus beidh a thairbhe sin le feiceáil bliain eile. Ní féidir aon rud a dhéanamh faoin bpinsean ach a bheith buíoch go raibh sé de chiall ag an mBord timpeall scór bliain ó shin aistriú ó shochar sainithe go ranníocaíocht shainithe. Tá muid buíoch díobh siúd agus buíoch freisin do Threasa agus a foireann a chinntigh gur farasbarr a bhí againn fiú théis na nithe thuas.

Míle buíochas dhaoibh go léir.



Dónall Mac Giolla Bhríde.
Cathaoirleach.

FÁILTE

Ráta
7.5%

Iasacht don Chéad Uair

- Táirge nua iasachta ar fáil do baill nar thóg iasacht linn cheanna féin, nó baill nar thóg iasacht le 5 bhliana anuas
- Ráta lomaíoch 7.5%
- Iasachtaí suas go €15,000

Tuairisc an Bhainisteora

Is dóigh nach bréag a rá go bhfuil tréimhse an-suimiúil tar éis a bheith ann do shean agus d'óg agus an tréimhse neamh-shocrachta atá curtha dhúinn againn.

Tá sé sin amhlaidh don Chomhar Creidmheasa chomh maith ach mar a deir an mana atá ag an gComhar Creidmheasa, 'ar scáth a chéile a mhaireann muid', agus gur cinnte mar gheall ar Bhord Stiúrtha, Coiste Maoirseachta Boird agus na coistí éagsúla chomh maith le foireann atá tiomanta gur bhain an Comhar Creidmheasa amach na spriocanna mar a bhí leagtha amach i bPlean Straitéiseach an Chomhair Creidmheasa don bhliain airgeadais 2021-2022.

Ar ndóigh, tá an buíochas is mó ag dul do na baill a bhaineann úsáid as an gComhar Creidmheasa, mar murach sibhse ní bheadh an Comhar Creidmheasa ag an staid a bhfuil sé aige faoi láthair.

Ó thaobh obair an Chomhair Creidmheasa de, tá iomlán an leabhar iasachta ag deireadh na bliana airgeadais ag €13.8 milliún agus tháinig méadú de €277,000 air ó anuraidh. Tugadh amach os cionn €5.8 milliún i bhfoirm iasachtaí do bhaill i rith na bliana agus léiríonn sé seo an t-iontaobhas atá ag na baill as an gComhar Creidmheasa. Tháinig €1,037,317 isteach ó ús ar iasachtaí sa bhliain airgeadais agus ús ó na hinfheistíochtaí de €369,891. Bhí iomlán choigilteas na mball ag €48,060,393 ag deireadh na bliana airgeadais.

Ba mhaith liom a mheabhúr freisin go bhfuil clúdach árachais saoil saor in aisce do na baill ar iasachtaí agus ar choigiltis sa chomhar creidmheasa. (Tá téarmaí & coinníollacha bainteach leis an gclúdach árachais seo)

Bíonn muid ag déanamh athbhreithnithe ar ár dtáirgí iasachta go leanúnach ag cinntiú go bhfuil na rátaí atá againn iomaíoch agus ag rátaí atá réasúnta dár gcuid ball agus tá áthas orm a rá go bhfuil muid chun táirgí nua a thairiscint ón 1ú Eanáir 2023.

Iasachtaí Glas Tithíochta ag 4.99%

Beidh iasachtaí tithíochta glas ar fáil ag 4.99% do dhaoine atá ag déanamh obair athchóirithe chun a gcuid tithe a dhéanamh níos éifeachtúla ó thaobh fuinnimh de. Beidh an ráta seo ar iasachtaí idir €10,000 agus €50,000.

Iasachtaí Glas Tithíochta i gcomhar le CU Greener Homes ó 4.9%

Tá muid ag comhoibriú le Conradh na hÉireann de Chomhair Chreidmheasa (An ILCU) agus an tionscnamh CU Greener Homes. Is réiteach One-Stop-Shop d'feabhsuithe ar éifeachtúlacht fuinnimh í atá anseo i gcomhpháirt le Energia, agus House2Home agus tosaíonn na rátaí ar na hiasachtaí seo ag 4.9%. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ar an gcineál seo iasachta ag www.cugreenerhomes.ie

Iasacht Glas Cairr ag 4.99%

Beidh ráta íseal ar iasachtaí cairr leictreach nó hibride ag 4.99% freisin ón 01/01/2023 d'iasachtaí €15,000 go €50,000. Beidh an ráta seo ar fáil do charranna nua nó carranna dara láimhe.

Iasachtaí den chéad uair ag 7.5%

Beidh ráta de 7.5% ar iasachtaí a fhaigheann baill den chéad uair nó do bhaill nach bhfuair aon iasacht ón gComhar Creidmheasa le 5 bhliana. Tá uasmhéid de €15,000 ar an gcineál seo iasachta. (Beidh téarmaí agus coinníollacha bainteach leis na hiasachtaí seo.)


Is féidir eolas a fháil ar na táirgí seo ag ár suíomh idirlín www.cccholmcille.ie nó glaoch a chuir ar

ár n-oifigí ar an gCnoc, 091-593421 nó an Cheathrú Rua, 091-869915.

Ba mhaith liom freisin na baill a chur ar an eolas gur féidir iarratas a dhéanamh ar iasacht ar Aip an Chomhair Creidmheasa anois. Go dtí seo, is tríd an 'Baincéireacht ar Líne' ar suíomh an Chomhair Creidmheasa a bhí tú ábalta iarratas a dhéanamh, ach anois tá rogha idir an dhá bhealach.

Cé go mbíonn muid ag cur lenár seirbhísí leictreonacha i gcónaí, ná déanaigí dearmad go bhfuil seirbhís phearsanta ar fáil d'aon duine gur fearr leo é seo. Is féidir glaoh a chur orainn nó bualach isteach go dtí muid i gceachtar dár n-oifigí. Mar atá le feiceáil in eagraíochtaí airgeadais eile, tá sé deacair an tseirbhís phearsanta sin a fháil níos mó.

Mar focal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an bhfoireann agus leis an mBord agus na coistí ar fad as an obair agus an tacaíocht ar fad i rith na bliana.



Treasa Uí Fhátharta,
Bainisteoir Ginearálta

Tuairisc an Choiste Maoirseachta Boid

Don bhliain airgeadais dar chríoch 30 Meán Fómhair 2022

Ní mór do gach Comhar Creidmheasa Coiste Maoirseachta Boid a thoghadh, ar a mbeidh triúr nó cúigear comhalta. Ní mór do Choiste Maoirseachta an Bhoird measúnú a dhéanamh ar cibé ar fheidhmigh an Bord Stiúrthóirí i gcomhréir le Cuid IV & Cuid IV(a) den Acht um Chomhar Creidmheasa 1997, arna leasú, agus aon rialachán nó aon treoir a thugann an Cláráitheoir nó an Banc Ceannais. Bíonn cruinniú amháin sa mhí ar a laghad ag Coiste Maoirseachta Boid an Chomhair Chreidmheasa, agus buaileann siad leis an mBord Stiúrthóirí ceithre huaire in aghaidh na bliana ar a laghad chun cuidiú leo an ról maoirseachta a chomhlíonadh.

Cuireann Coiste Maoirseachta an Bhoird tuarascáil scríofa chuig an mBord Stiúrthóirí maidir lena measúnú ar cibé ar fheidhmigh an Bord Stiúrtha i gcomhréir leis an Acht um Chomhar Creidmheas 1997, arna leasú, agus aon rialachán nó treoir de chuid an Chláraitheora nó an Bhainc Ceannais. Bíonn rochtain ag Coiste Maoirseachta an Bhoird, ag gach tráth, ar leabhair agus ar cháipéisí an Chomhair Creidmheasa, chun cur ar a chumas a chuid feidhmeanna a chur i gcrích faoin Acht agus tá sé de cheart ag baill Choiste Maoirseachta an Bhoird freastal ar gach cruinniú de chuid an Bhoird Stiúrtha agus ar gach cruinniú de Choistí an Chomhair Chreidmheasa. Cinníonn an Coiste Maoirseachta Boid go bhfreastalaíonn duine amháin ar a laghad dá gcuid ball ar gach cruinniú den Bhoird Stiúrthóirí. Féadfaidh Coiste Maoirseachta an Bhoird fógra a thabhairt don Bhanc Ceannais maidir le haon imní a bhíonn orthu nár chomhlíon an Bord Stiúrtha aon cheann de na ceanglais agus tabharfaidh Coiste Maoirseachta an Bhoird tuairisc do na Baill ag an gCruinniú Ginearálta Bliantúil agus má mheasann sé go bhfuil sé cuí, ag Cruinniú Speisialta Ginearálta, maidir le cibé ar fheidhmigh an Bord Stiúrtha i gcomhréir leis an Acht um Chomhar Creidmheasa, 1997, arna leasú, agus aon rialachán nó treoir de chuid an Chláraitheora nó an Bhainc Ceannais.

Don bhliain dar chríoch 30 Meán Fómhair 2022, is mian leis an gCoiste Maoirseachta Boid

a thuairisciú (seachas mar a nótáladh i dTuarascáil na Stiúrthóirí) nár cuireadh aon ní faoina mbráid a thugann le fios nár chomhlíon na Stiúrthóirí Cuid IV nó IV(a) den Acht um Chomhar Creidmheasa 1997, arna leasú, agus aon rialachán nó treoir de chuid an Chláraitheora nó an Bhainc Ceannais. Glacaimid buíochas leis an mBord Stiúrthóirí, leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin, leis an mBainistíocht agus leis an bhFoireann as a gcúirtéis, a gcúnamh agus a gcomhoibriú i rith na bliana.

Mary Richardson,
Ball den Choiste Maoirseachta Boird

Brian Ó Cuív,
Ball den Choiste Maoirseachta Boird

Dáta: 15 Samhain 2022

Comhar Creidmheasa Cholmille Teoranta Tuarascáil agus Ráitis Airgeadais don bhiaín airgeadais dar chríoch 30 Meán Fómhair 2022

Stiúrthóirí	Donall Mac Giolla Bhride (Cathaoirleach)	
	Yvonne Ní Loideáin	Deborah Uí Ghibne
	Bríd Ní Cheallaigh	Tadhg Ó Cualáin
	Johanna Ní Mháile	Aoife Ní Chonghaile
	Máire Aoibhinn Ní Ógáin	Caitlín Ní Ghabháin

Baill Choiste Maoirseachta an Bhoird	
Brian Ó Cuív	Mary Richardson
Mícheál Ó Neachtain	

Uimhir an Chomhair Chreidmheasa	427CU
--	-------

Oifig Chláraithe agus Seoladh Gnó	
	An Cnoc, Indreabhán, Co. na Gaillimhe

Iniúcháirí	DHKN Limited, Iniúcháirí Cláraithe, Ionad Seirbhísí Airgeadais na Gaillimhe, Bóthar Mhóinín na gCiseach, Gaillimh
-------------------	---

Baincéirí	Banc Uladh, 33 An Fhaiche Mhór, Gaillimh
	Banc na hÉireann, An Fhaiche Mhór, Gaillimh
	Banc Aontas Éireann, Bóthar na Trá Uachtarach, Gaillimh

Aturnaetha	O'Carroll & Company Solicitors, 19A Bóthar na gCeannaithe, Gaillimh
-------------------	---

RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ NA STIÚRTHÓIRÍ

Éilíonn na hAchtanna um Chomhar Creidmheasa, 1997 go dtí 2018 ar na stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú le haghaidh gach bliain airgeadais, a thugann léargas fírinneach cóir ar staid chúrsaí an Chomhair Chreidmheasa agus ar ioncam agus ar chaiteachas an Chomhair Chreidmheasa don bhliain airgeadais sin. Ceanglaítear na nithe seo a leanas ar na stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus stuama a dhéanamh;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin má tá sé míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh an comhar creidmheasa ar aghaidh i mbun gnó.

Deimhníonn na stiúrthóirí gur chloígh siad leis na ceanglais thuas le linn dóibh na ráitis airgeadais a ullmhú.

Tá na stiúrthóirí freagrach as taifid chuntasaíochta chearta a choimeád a nochtann le cruinneas réasúnach ag aon tráth staid airgeadais an Chomhair Chreidmheasa agus a chuireann ar a gcumas a chinntiú go n-ullmhaítear na ráitis airgeadais i gcomhréir leis an dlí is infheidhme in Éirinn agus leis an gCleachtas Chuntasaíochta a nglactar leis go ginearálta in Éirinn, lena n-áirítear na caighdeáin a eisíonn an Chomhairle Tuairiscithe Airgeadais, agus go háirithe FRS102 “An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann”. Tá freagracht orthu as sócmhainní an Chomhair Chreidmheasa a chosaint agus as bearta réasúnta a ghlacadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a bhrath agus a chosc.

A mhéid is eol do na stiúrthóirí:

- níl aon fhaisnéis iniúchta ábhartha (faisnéis a bhíonn ag teastáil ó iniúcháir an Chomhair Chreidmheasa le tuarascáil an iniúcháora a ullmhú) nach eol d’iniúcháir an Chomhair Chreidmheasa, agus
- ghlac na stiúrthóirí na céimeanna go léir ba cheart dóibh a ghlacadh chun eolas a fháil ar aon fhaisnéis iniúchta ábhartha agus chun a fháil amach cibé an bhfuil iniúcháir an Chomhair Chreidmheas ar an eolas maidir leis an bhfaisnéis sin.

Arna cheadú ag an mBord Stiúrtha agus sínithe ar a shon ag:

Ball den Bhord Stiúrtha Dónall Mac Giolla Bhríde

Ball den Bhord Stiúrtha Yvonne Ní Loideáin

Dáta 17 Samhain 2022

RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ CHOISTE MAOIRSEACHTA AN BHOIRD

Éilíonn na hAchtanna um Chomhar Creidmheasa, 1997 go 2018 go gceapfar Coiste Maoirseachta Boird chun a mheas cé acu ar fheidhmigh nó nár fheidhmigh an bord stiúirthe de réir Chuid IV, Chuid IV (a) agus aon rialachán arna ndéanamh chun críocha Chuid IV nó Chuid IV(A) de na hAchtanna um Chomhar Creidmheasa, 1997 go 2018 agus aon ní eile arna fhorordú ag an mBanc Ceannais a bhfuil aird le bheith acu air ina leith i dtaca leis an mbord.

Arna cheadú thar ceann Choiste Maoirseachta an Bhoird

Ball de Choiste Maoirseachta an Bhoird Brian Ó Cuív

Ball de Choiste Maoirseachta an Bhoird Mary Richardson

Dáta 17 Samhain 2022

TUARASCÁIL AN INIÚCHÓRA NEAMHSPLEÁCH

do Bhaill Chomhar Chreidmheasa Cholmille Teoranta

Tuarascáil maidir leis an iniúcháireacht ar na ráitis airgeadais

Tuairim

Rinneamar iniúcháireacht ar ráitis airgeadais Chomhar Chreidmheasa Cholmille Teoranta don bhliain airgeadais dar chríoch 30 Meán Fómhair 2022 ina gcuimsítear an Cuntas Ioncaim, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas ar Athruithe ar Chúlchistí, an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus na nótaí leis na ráitis airgeadais, lena n-áirítear an achoimre ar bheartais mhóra cuntasáiochta atá leagtha amach i nóta 2. Is é an creat tuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm nuair a bhí na ráitis airgeadais á n-ullmhú ná dlí na hÉireann agus FRS 102 “an Caighdeán um Thuiriscíú Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann” eisithe sa Ríocht Aontaithe ag Comhairle um Thuiriscíú Airgeadais agus na hAchtanna um Chomhar Chreidmheasa 1997 go 2018.

Is é seo a leanas an tuairim atá againn faoi na ráitis airgeadais:

- tugann siad léargas fírinneach cóir ar shócmhainní, dliteanais, agus staid airgeadais an Chomhair Chreidmheasa amhail an 30 Meán Fómhair 2022 agus ar a bharrachas don bhliain airgeadais dar chríoch an dáta sin;
- ullmhaíodh iad i gceart de réir FRS 102 “an Caighdeán um Thuiriscíú Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann”; agus
- ullmhaíodh iad i gceart de réir cheanglais na hAchtanna um Chomhar Chreidmheasa, 1997 go 2018.

Bunús na tuairime

Rinneamar ár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (Éire) (ISAs) agus an dlí is infheidhme. Déantar cur síos ar ár bhfreagrachtaí faoi na caighdeáin sin sa mhír sa tuarascáil a bhaineann le freagrachtaí an Iniúchára i leith iniúcháireachta ar na ráitis airgeadais. Táimid neamhspleách ar an gComhar Chreidmheasa de réir na gceanglas eitiiciúil atá ábhartha maidir lenár n-iniúcháireacht ar ráitis airgeadais in Éirinn, lena n-áirítear an Caighdeán Eitice d’Iniúcháirí (in Éirinn) a d’eisigh Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasáiochta na hÉireann, agus chomhlíonamar ár bhfreagrachtaí eitiiciúla eile de réir na gceanglas sin. Creidimid go bhfuil an fhianaise iniúchta a fuaireamar dóthanach agus cuí chun bunús a thabhairt dár dtuairim.

Conclúidí maidir le gnóthas leantach

Bunaithe ar na ráitis airgeadais a ndearna muid iniúcháireacht orthu, chinn muid go raibh úsáid na stiúirthóirí as bonn cuntasáiochta an ghnóthais leantaigh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú acu, cuí.

Bunaithe ar an obair iniúcháireachta a rinne muid, níor aimsigh muid aon neamhchinnteachtaí ábhartha maidir le himeachtaí nó coinníollacha a d’fhéadfadh, ina n-aonar nó i dteannta a chéile, amhras suntasach a tharraingt ar chumas an Chomhair Chreidmheasa leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach ar feadh tréimhse dhá mhí dhéag ar a laghad ón dáta ar a n-údaraítear eisiúint na ráiteas airgeadais.

Tá cur síos ar ár bhfreagrachtaí agus ar fhreagrachtaí na stiúirthóirí maidir le gnóthas leantach sna míreanna ábhartha den tuarascáil seo.

Faisnéis Eile

Tá na stiúirtheoirí freagrach as an bhfaisnéis eile. Is éard atá san fhaisnéis eile an fhaisnéis atá san áireamh sa tuarascáil bhliantúil seachas na ráitis airgeadais agus Tuarascáil ár nIníúchóra maidir leo. Ní chuimsíonn ár dtuairim faoi na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile agus, ní léirimid conclúid dearbhaithe de chineál ar bith ina leith, ach amháin sa mhéid a luaitear a mhalairt go sonrach inár dtuarascáil.

Maidir lenár n-iníúchóireacht ar na ráitis airgeadais, tá sé de fhreagracht orainn an fhaisnéis eile a léamh agus, é sin á dhéanamh againn, an méid seo a leanas a mheas: an bhfuil an fhaisnéis eile neamhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuaireamar le linn na hiniúchóireachta, nó an léir go bhfuil an fhaisnéis mhíshonraithe go hábhartha ar shlí eile? Má aithnímid neamhréireachtaí ábhartha nó míráitis ábhartha fhollasacha den sórt sin, ceanglaítear orainn a dhéanamh amach an bhfuil míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais nó míráiteas ábhartha san fhaisnéis eile. Más rud é, bunaithe ar an obair a rinneamar, go dtagaimid ar an tuairim go bhfuil míráiteas ábhartha san fhaisnéis eile, ní mór dúinn é sin a thuairisciú. Níl aon ní le tuairisciú againn ina thaobh sin.

Tuairimí ar nithe eile a fhorordaítear leis na hAchtanna um Chomhar Creidmheas 1997 go 2018

Bunaithe ar an obair a rinneadh i rith an iniúchta, tuairiscímid an méid seo a leanas:

- Fuaireamar an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a mheasaimid a bheith riachtanach chun críche ár n-iníuchta.
- Is é an tuairim atá againn gur choinnigh an Comhar Creidmheasa taifid chuntasaíochta chearta
- Tá iniúchadh cuí déanta agus tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Freagrachtaí faoi seach

Freagrachtaí na stiúirtheoirí maidir leis na ráitis airgeadais

Mar a mhínítear níos mine sa Ráiteas maidir le Freagrachtaí na Stiúirtheoirí mar atá leagtha amach ar leathanach 4, tá na stiúirtheoirí freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú agus caithefidh siad a bheith sásta go dtugtar léargas fírinneach cóir iontu. Tá siad freagrach freisin as cibé rialú inmheánach a mheasann siad is gá le gur féidir ráitis airgeadais atá saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide, a ullmhú.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, tá na stiúirtheoirí freagrach as cumas an Chomhair Chreidmheasa leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leanúnach a mheas, nithe a bhaineann le gnóthas leantach a nochtadh, de réir mar is infheidhme, agus bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh a úsáid ach amháin má tá sé i gceist ag an lucht bainistíochta an Chomhar Creidmheasa a leachtú nó deireadh a chur le hoibríochtaí, nó nach bhfuil aon rogha eile acu i ndáiríre ach é sin a dhéanamh.

Freagrachtaí an iniúchóra maidir le hiniúchóireacht ar na ráitis airgeadais

Tá sé de chuspóir againn dearbhú réasúnta a fháil maidir le cé acu a bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide, agus Tuarascáil Iniúchóra a eisiúint ina n-áirítear ár dtuairim. Is dearbhú an-mhaith é dearbhú réasúnta ach níltear ag dearbhú ann go mbraithfeair míráiteas ábhartha i gcónaí (más ann dó) in iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (Éire). Féadfaidh míráitis eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha i gcás ina

bhféadfaí a bheith ag súil leis le réasún go mbeadh tionchar acu, ar bhonn aonair nó ar bhonn comhiomláin, ar chinní eacnamaíocha na n-úsáideoirí a dhéantar ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Tá tuilleadh eolas maidir lenár gcuid oibre mar iniúcháir leagtha amach sa Ráiteas um Raon Freagrachtaí atá le fáil in aguisín na tuarascála seo agus atá mar chuid dhílis dár dtuarascáil.

Cuspóir ár n-obair iniúcháireachta agus cé dó a bhfuilimid freagrach

Ní chuirfear ár dtuarascáil ach faoi bhráid bhaill an Chomhair Chreidmheasa amháin, mar chomhlacht, de réir alt 120 de na hAchtanna um Chomhar Creidmheasa, 1997 go 2018. Thugamar faoinár n-obair iniúcháireachta le gur féidir linn a chur in iúl do bhaill an Chomhair Chreidmheasa na nithe sin atá de dhualgas orainn a chur in iúl i dtuarascáil iniúchára, agus ní ar chúis ar bith eile. A oiread agus a cheadaítear de réir an dlí, níl muid freagrach d'aon duine seachas an Comhar Creidmheasa agus baill an Chomhair Chreidmheasa, mar chomhlacht, as ár n-obair iniúcháireachta, as an tuarascáil seo, ná as na tuairimí atá againn.

DHKN Teoranta
Iniúcháirí Cláráithe
Ionad Seirbhísí Airgeadais na Gaillimhe
Bóthar Mhóinín na gCiseach
Gaillimh

Dáta 17 Samhain 2022

AGUISÍN LE TUARASCÁIL AN INIÚCHÓRA NEAMHSPLEÁCH

Tuilleadh eolais maidir leis an raon freagrachtaí atá orainn mar iniúcháir

Mar chuid den iniúcháireacht de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (Éire), déanaimid breithiúnas gairmiúil agus cloímid le hamhras gairmiúil le linn na hiniúcháireachta. Déanaimid mar a leanas chomh maith:

- Na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais cibé acu de bharr calaoise nó earráide a aithint agus a mheas, nósanna imeachta iniúcháireachta a fhreagraíonn do na rioscaí sin a leagan amach agus a chur i bhfeidhm, agus fianaise iniúcháireachta dóthanach agus cuí a fháil chun bunús a thabhairt dár dtuairim. Tá an riosca nach mbraithfear míráiteas ábhartha mar thoradh ar chalaíocht níos mó ná mar a bheadh mar thoradh ar earráid toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnó, easnaimh d’aon ghnó, mífhaisnéis, nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist i gcás calaoise.
- Faighimid tuiscint ar rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúcháireacht chun nósanna imeachta iniúcháireachta a leagan amach atá oiriúnach sna cúinsí ar leith, ach ní ar mhaithe le tuairim a nochtadh maidir le héifeachtacht na rialuithe inmheánacha de chuid an Chomhair Chreidmheasa.
- Déanaimid measúnú ar oiriúnacht na mbeartas cuntasáiochta a úsáideadh agus réasúntacht na meastachán cuntasáiochta agus na nochtuithe bainteacha a chuir na stiúrthóirí ar fáil.
- Déanaimid cinneadh maidir le cé chomh hoiriúnach is a bhí an úsáid a bhain na stiúrthóirí as bonn cuntasáiochta an ghnóthais leantaigh agus bunaithe ar an bhfianaise iniúcháireachta a fuarthas, an bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann a bhaineann le himeachtaí nó coinníollacha a d’fhéadfadh amhras suntasach a tharraingt ar chumas an Chomhair Chreidmheasa leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má chinneann muid go bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann, ceanglaítear orainn aird a tharraingt ar na nochtáí bainteacha sna ráitis airgeadais i dTuarascáil an Iniúcháir nó, má mura leor na nochtáí sin, ár dtuairim a leasú. Tá ár gconclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúcháireachta a fuarthas suas go dtí dáta ár dTuarascála. Mar sin féin, d’fhéadfadh imeachtaí nó coinníollacha sa todhchaí a bheith mar chúis le go dtiocfadh deireadh leis an gComhar Creidmheasa mar ghnóthas leantach.
- Déanaimid cur i láthair iomlán, struchtúr agus ábhar na ráiteas airgeadais, na nochtáí san áireamh, a mheas agus cibé an léiríonn na ráitis airgeadais na bun-idirbhearta agus na himeachtaí ar bhealach atá cóir cothrom.

Cuirimid iad siúd a bhfuil cúram rialachais orthu ar an eolas maidir le scóip atá beartaithe, am agus tráth na hiniúcháireachta agus torthaí suntasacha iniúcháireachta, ar nós aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a aimsítear le linn ár n-iniúcháireachta, i measc ábhar eile.


CUNTAS IONCAIM

don bhliain airgeadais dar chríoch 30 Meán Fómhair 2022


	Notáí	2022 €	2021 €
Ioncam			
Ús ar iasachtaí na mball	5	1,037,317	1,031,251
Ioncam úis eile agus ioncam comhchosúil	7	369,891	398,187
		<u>1,407,208</u>	<u>1,429,438</u>
Glanioncam Úis			
Aisíoc um scéim cosanta coigiltis	4	243,136	
Ioncam eile	9	31,085	12,933
		<u>274,221</u>	<u>12,933</u>
Ioncam iomlán		<u>1,681,429</u>	<u>1,442,371</u>
Caiteachas			
Costais fostaíochta	10	440,397	455,584
Maoiniú um Scéim pinsin le sochar sainithe	4	412,280	
Speansais bhainistíochta eile (Sceideal 4)		589,763	588,553
Dímheas		50,719	51,079
Lagú Infheistíochtaí		188,133	-
Glan (aisghabhálacha / caillteanais ar iasachtaí do bhaill	14.4	(5,461)	6,107
		<u>1,675,831</u>	<u>1,101,323</u>
Caiteachas iomlán		<u>1,675,831</u>	<u>1,101,323</u>
Barrachas ioncaim thar chaiteachas		5,598	341,048
Ioncam cuimsitheach eile		-	-
		<u>5,598</u>	<u>341,048</u>
Ioncam cuimsitheach iomlán		<u>5,598</u>	<u>341,048</u>
Aistriú (chuig) / ó chúlchistí			
Cúlchiste rialála		-	195,310
Cúlchiste ginearálta		5,598	145,738
		<u>5,598</u>	<u>341,048</u>
Iomlán aistrithe		<u>5,598</u>	<u>341,048</u>

Cheadaigh an Bord Stiúrtha na ráitis airgeadais agus údaraíodh iad lena n-eisiúint ar an 17 Samhain 2022 agus síníodh thar a cheann ag:

Cathaoirleach



Bainisteoir



Ball de Choiste Maoirseachta an Bhoird



Dáta

17 Samhain 2022


CLÁR COMHARDAITHE

amhail an 30 Meán Fómhair 2022


	Nótaí	2022	2021
		€	€
Sócmhainní			
Airgead agus coibhéisí airgid	12	5,311,626	2,679,371
Réadmhaoin, gléasra agus trealamh	13	936,780	986,899
Iasachtaí do bhaill	14	13,847,346	13,569,881
Soláthar do dhrochfhiacha	14	(958,636)	(974,097)
Réamhíocaíochtaí agus féichiúnaithe eile	15	77,514	62,522
Ioncam fabhraithe	15	135,416	185,477
Taiscíl agus infheistíochtaí	16	37,880,459	41,317,975
Sócmhainní lomlána		57,230,505	57,828,028
Dlíteanais			
Scaireanna na mBall	17	48,060,393	48,708,043
Creidiúnaithe trádála agus fabhruithe	18	259,194	214,665
		48,319,587	48,922,708
Acmhainní na mBall			
Cúlchiste rialála	19	6,940,440	6,940,440
Cúlchiste dáileacháin	19	274,286	274,286
Cúlchiste Riosca Oibriúcháin	19	249,266	249,266
Cúlchistí eile		1,446,926	1,441,328
		8,910,918	8,905,320
lomlán na nDlíteanas		57,230,505	57,828,028

Arna cheadú ag an mBord Stiúrtha agus sínithe thar a cheann ag:

Cathaoirleach



Bainisteoir



Ball de Choiste Maoirseachta an Bhoird



Dáta

17 Samhain 2022

RÁITEAS AR ATHRUITHE AR CHÚLCHISTÍ don bhliain airgeadais dar chríoch an 30 Meán Fómhair 2022

	Cúlchiste rialála €	Cúlchiste Dáileacháin €	Cúlchiste riosca oibriúcháin €	Cúlchiste ioncain neamhréadaithe €	Cúlchiste ginearálta €	Iomlán €
Ar 1 Deireadh Fómhair 2020	6,745,130	274,286	249,266	3,700	1,291,890	8,564,272
Leithdháileadh barrachais sa bhliain airgeadais	195,310	-	-	-	145,738	341,048
Athruithe eile i gcúlchistí	-	-	-	(3,700)	3,700	-
Ar 30 Meán Fómhair 2021	<u>6,940,440</u>	<u>274,286</u>	<u>249,266</u>	<u>-</u>	<u>1,441,328</u>	<u>8,905,320</u>
Ar 1 Deireadh Fómhair 2021	6,940,440	274,286	249,266	-	1,441,328	8,905,320
Leithdháileadh barrachais sa bhliain airgeadais	-	-	-	-	5,598	5,598
Athruithe eile i gcúlchistí	-	-	-	24,314	(24,314)	-
Ar 30 Meán Fómhair 2022	<u>6,940,440</u>	<u>274,286</u>	<u>249,266</u>	<u>24,314</u>	<u>1,422,612</u>	<u>8,910,918</u>

Ar an 30 de Mheán Fómhair 2022, bhí 12.13% de na sócmhainní iomlána á choimeád ag an gComhar Creidmheasa i gCúlchiste Rialála agus tá seo níos mó ná an riachtanas go mbeadh 10% de na sócmhainní iomlána i gCúlchiste Rialála an Chomhair Chreidmheasa.

De réir alt 45 d'Achtanna um Chomhar Creidmheasa 1997 go 2018, chuir Comhar Creidmheasa Cholmcille Teoranta Cúlchiste Riosca Oibriochtúil ar bun.

Baineann an Cúlchiste ginearálta le cúlchistí carntha, réadaithe agus neamhdháilte an chomhair chreidmheasa.

RÁITEAS AR SHREAFÁI AIRGEADAIS

don bhliain airgeadais dar chríoch an 30 Meán Fómhair 2022

	2022 €	2021 €
Airgead tosaigh agus coibhéisí airgid	31,179,250	31,698,337
Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		
Iasachtaí a aisíocadh	5,550,801	5,891,341
Iasachtaí a tugadh amach	(5,864,346)	(6,601,254)
Ioncam úis ar iasachtaí	1,037,317	1,031,251
Ioncam ó infheistíochtaí	369,891	398,187
Ioncam eile a fuarthas	274,221	12,933
Drochfhiacha a aisghabhadh	26,080	28,286
Speansais oibriúcháin	(1,442,440)	(1,044,137)
Gluaiseacht i sócmhainní eile	35,069	(24,117)
Gluaiseacht i ndlíteanais eile	44,529	(34,108)
Airgead glan a gineadh (úsáideadh i) ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	<u>31,122</u>	<u>(341,618)</u>
Sreafaí airgid ó infheistíochtaí		
Lagú infheistíochtaí	(188,133)	-
Ceannach réadmhaoine, gléasra agus trealaimh	(600)	(109,508)
Glansreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta eile	2,823,087	(1,379,832)
Airgead glan a gineadh (úsáideadh i) ó ghníomhaíochtaí infheistíochta	<u>2,634,354</u>	<u>(1,489,340)</u>
Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí airgeadais		
Scaireanna ball a fuarthas	15,694,377	22,871,704
Scaireanna na mball a tarraingíodh siar	(16,342,027)	(21,559,833)
Airgead glan a gineadh (úsáideadh i) ó ghníomhaíochtaí airgeadais	<u>(647,650)</u>	<u>1,311,871</u>
Glanmhéadú (laghdú) ar airgead agus ar choibhéisí airgid	2,017,826	(519,087)
Airgead agus coibhéisí airgid ag deireadh na bliana airgeadais 12	<u>33,197,076</u>	<u>31,179,250</u>

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

don bhliain dar gcríoch 30 Meán Fómhair 2022

1. CREAT DLÍTHIÚIL AGUS RIALÁLA

Bunaíodh Comhar Creidmheasa Cholmille Teoranta faoi na hAchtanna um Chomhar Creidmheasa 1997 go 2018. Tá an Comhar Creidmheasa cláraithe le Cláráitheoir na gComhar Creidmheasa agus á rialú ag Banc Ceannais na hÉireann. Is An Cnoc, Indreabhán, Co. na Gaillimhe an phríomháiit ghnó.

2. BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

Cuireadh na príomhbheartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm;

Ráiteas comhlíontachta agus bunús an ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme in Éirinn, lena n-áirítear Caighdeán Tuiriscithe Airgeadais 102 “An Caighdeán Tuiriscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann” (FRS 102) agus reacht na hÉireann ina gcuimsítear na hAchtanna um Chomhar Creidmheasa 1997 go 2018. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn an chostais stairiúil.

Airgeadra

Ullmhaítear na ráitis airgeadais in Euro (€), arb é airgeadra feidhmiúil an Chomhair Creidmheasa é. Slánaítear suimeanna airgid sna ráitis airgeadais sin go dtí an Euro is gaire.

Gnóthas Leantach

Ceanglaítear ar na Stiúrthóirí measúnú a dhéanamh maidir le an leanfaidh an Comhar Creidmheasa mar ghnóthas leantach ar feadh tréimhse 12 mhí ó dháta faofa na Ráiteas Airgeadais seo. Le linn an mheasúnaithe rinne na Stiúrthóirí athbhreithniú ar Phlean Straitéiseach an Chomhair Creidmheasa agus bhreithnigh siad rioscaí a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar staid an chúlchiste, ar staid airgeadais agus ar leachtacht an Chomhair Chreidmheasa thar an tréimhse sin. D’ullmhaigh na Stiúrthóirí réamhaisnéisí freisin agus bhreithnigh siad an éifeacht a bheadh ag oibriú faoi dhaláí struis sochreidte, a mbeadh tionchar acu ar ghnó, ar staid airgeadais, ar chaipiteal agus ar leachtacht an Chomhair Chreidmheasa.

Rinneadh raon iogaireachtaí a mheas nó a chur i san áireamh sna réamhaisnéisí sin, ina measc, nithe a bhaineann le rátaí boillsithe reatha agus an ghéarchéim maidir le costas maireachtála, éiginnteacht de bharr an chogaidh san Úcráin, an tionchar maidir le rátaí úis, fás ar choigilteas na mBall agus an t-éileamh ar iasachtaí. Ina theannta sin, ceanglaítear ar an gComhar Creidmheasa athbhreithniú rialta a dhéanamh ar a staideanna caipitil agus leachtachta maidir lena choigilteas gan cheangal nó ar éileamh agus breithniú a dhéanamh gach ráithe ar a laghad ar thástálacha struis is infheidhme i gcoinne chlaonadh iasachtaithe chun loicthe, chomh maith le breithniú ar rátaí úis agus imthosca ar bith a d’fhéadfadh a bheith mar chúis le heis-reabhadh cistí.

Tar éis na faisnéise seo go léir a bhreithniú, agus bunaithe ar eolas agus ar thaithí na Stiúrthóirí ar an gComhar Creidmheasa, agus na margaí ina n-oibríonn sé, tá na Stiúrthóirí sásta go bhfuil dóthain acmhainní ag an gComhar Creidmheasa chun leanúint ar aghaidh i mbun gnó go ceann i bhfad agus ar feadh tréimhse ar a laghad 12 mhí ó dháta sínithe na Ráiteas Airgeadais.

Ioncam a aithint

Déantar ioncam a aithint sa mhéid gur dóchúil go sreabhfaidh na tairbhí geilleagracha chuig an gComhar Creidmheasa agus gur féidir an t-ioncam a thomhas go hiontaofa. Tomhaistear an t-ioncam ar luach cóir na comaoine a fhaightear. Ní mór na critéir seo a leanas a chomhlíonadh freisin sula ndéantar ioncam a aithint:

- (i) *Ús ar iasachtaí na mball.* Éilíonn an tAcht um Chomhar Creidmheasa, 1997 (arna leasú) go n-aithneofar ús ar lasachtaí na mBall tráth a bhfaightear íocaíocht (i.e. ar bhonn airgid). Níl sé seo de réir an chleachtais cuntasáiochta ginearálta, ach tá sé ag teacht leis an ngnáthchleachtas do chomhair chreidmheasa na hÉireann. Éilíonn FRS 102 agus an cleachtas cuntasáiochta ginearálta go n-aithneofaí ús trí leas a bhaint as modh ar a dtugtar ráta úis ghlan agus é a fhabhrú ar bhonn laethúil. Cuireann Comhar Creidmheasa Cholm Cille Teoranta ús ar iasachtaí na mball san áireamh trí úsáid a bhaint as modh an úis glan, áit a bhfabhraítear ús ar bhonn laethúil. Cuirtear ús ar iasachtaí na mball san áireamh i ráitis airgeadais na tréimhe ina dtuilltear é.
- (ii) *Ioncam infheistíochta.* Aithnítear ioncam infheistíochta nuair a fhaightear é nó nuair atá sé infhaighte go neamh-inchúlghairthe. Aithnítear infheistíochtaí ag an gcostas lúide aon laghdú buan ar luach caipitiúil ach déantar neamhaird d'aon mhéadú ar luach caipitiúil nó de luach in airgead go dtí tráth an réadaithe i bhfoirm airgid nó coibhéisí airgid.

Díbhiníní

Déantar díbhinní ó bharrachas na bliana reatha nó ó na cúlchistí díbhinní atá curtha ar leataobh chun na críche sin. Bíonn an dáileachán díbhinní beartaithe do bhaill gach bliain bunaithe ar bheartas an Chomhair Chreidmheasa maidir le díbhinní agus an lacáiste úis ar iasachtaí.

Léireoidh an ráta díbhinne agus an lacáiste úis ar iasachtaí a mholann an Bord, an méid seo a leanas:

- próifíl riosca an Chomhair Chreidmheasa, go háirithe maidir le punanna iasachta agus infheistíochta;
- an fonn atá ar an mBord ráta cobhsaí díbhinne, seachas ráta luaineach díbhinne, a choimeád gach bliain; agus
- ionchais dhlísteanacha na mball maidir le díbhinní agus an lacáiste úis ar iasachtaí;

Tá críonnacht agus an gá atá ann leas fadtéarmach an Chomhair Chreidmheasa a choimeád, le sonrú go tréan iontu seo.

Ar an ábhar seo, féachfaidh an Bord lena chúlchistí a mhéadú chun swaitheadh gan choinne a mhaolú agus fanacht os cionn na n-íoscheanglas rialála i gcónaí. Tugann an Comhar Creidmheasa cuntas ar dhíbhiníní agus ar lacáistí úis ar iasachtaí nuair a dhéanann na baille na híocaíochtaí sin a dhaingniú ag an gCruinniú Ginearálta Bliantúil.

Infheistíochtaí

Taisc baine agus airgid. Déantar iad sin a luacháil ag méid na taisce móide aon ús fabhráithe agus aithnítear ioncam ó ús sa ráiteas ioncain ar bhonn fabhráithe (am).

Bannaí Rialtais agus Bainc. Aithnítear ús ar bhonn airgid a fuarthas. Déantar luach caipitiúil an bhanna a thástáil go bliantúil le haghaidh laguithe a aimsiú agus cuirtear caillteanais lagaithe san áireamh sa ráiteas ioncain. Cuirtear gnóthachain lagaithe a athneartaíonn caillteanas lagaithe roimhe sin, san áireamh sa ráiteas ioncain. Déantar neamhaird do gach gnóthachan lagaithe eile, ar mó iad ná costas an bhanna iad, go dtí go ndíoltar an banna.

lasachtaí Nua ag teacht Eanáir 2023

lasacht Glas Tithíocht



*Déan infheistíocht i do theach, agus
bain tairbhre as sna blianta amach
romhainn*

Deontais suas go 50% ar fáil tríd SEAI

*lasachtaí ó €10,000 go €50,000
ar fáil*

Ráta

~~6.5%~~

4.99%



Labhair linn inniu....

www.cccholmcille.ie

www.cugreenerhomes.ie


Iasachtaí Nua ag teacht Eanáir 2023

Iasacht Glas Cairr



- *Iasachtaí suas go €50,000 ar fáil*
- *Carranna Hibrid nó Leictreach*
- *Tréimhse 1-7 Bliana*
- *Ráta Iomaíoch 4.99%*
- *Carranna Nua nó dara láimhe*

**Ráta
4.99%**



Labhair linn inniu



Comhar Creidmheasa
Cholm Cille Teo



iasacht@cccholmcille.ie

"Áitiúil & ar son an phobal"

Coinníthe ag an gcostas amúchta. Déantar infheistíochtaí a ainmnítear ar an gcéadaitint mar chinn a choinnítear ag an gcostas amúchta a thomhas ag costas amúchta trí úsáid a bhaint as modh an úis ghlan lúide aon lagú. Ciallaíonn sé sin go dtomhaistear an infheistíocht de réir an méid a íoctar ar an infheistíocht, lúide aon aisiocaíochtaí bunairgid; móide nó lúide an t-amúchadh carnach, trí úsáid a bhaint as modh an úis ghlan ar aon difríocht idir an méid ag tráth na céadaitheanta agus an méid ag tráth na haibíochta, lúide, i gcás sócmhainne airgeadais, aon laghdú de bharr lagaithe nó neamh-inbhailitheacht.

Taiscí an Bhainc Ceannais. Tá dualgas ar Chomhair Chreidmheasa taiscí áirithe a choimeád leis an mBanc Ceannais. Is sócmhainní de chuid an chomhair chreidmheasa iad na taiscí sin go bunúsach ach tá rochtain srianta ag an gComhar Creidmheasa orthu. Tabhaíonn na cistí atá i dtaisce leis an mBanc Ceannais ús ainmniúil agus ní sheolfar ar ais chuig an gcomhar creidmheasa iad de ghnáth fad is gur gnóthas leantach é. Luaitear na suimeanna ag an méid a taisceadh móide ioncam fabhraithe agus ní bhíonn siad faoi réir athbhreithnithe lagaithe.

Infheistíochtaí ag a luach cóir. Tá infheistíochtaí atá á sealbhú i gcomhair trádála agus infheistíochta i scaireanna an stocmhargaidh (i.e. scaireanna tosaíochta neamh-inchomhshóite agus gnáthscaireanna nó scaireanna tosaíochta neamh-indíola) san áireamh sa chatagóir seo. Tá sócmhainní airgeadais ag a luach cóir rangaithe mar chinn atá sealbhaithe i gcomhair trádála, má fhaightear iad le díol sa ghearrthéarma. Déantar iad a luacháil ag a luach cóir (luach margaidh) ar dháta ag deireadh na bliana agus cuirtear na gnóthachain agus na cailleanais go léir san áireamh sa chuntas ioncaim agus caiteachais. Déantar luach cóir na n-infheistíochtaí luaite a chinneadh trí thagairt do phraghsanna tairisceana ag am scoir gnó ar dháta an chláir chomhardaithe. I gcás nach bhfuil aon mhargadh gníomhach, déanfar na sócmhainní sin a iompar ag costas lúide lagú.

Réadmhaoin, gléasra agus trealamh agus dímhéas

Luaitear sócmhainní seasta inláimhsithe ag costas nó ag luacháil, lúide dímhéas carntha. Riomhtar an muirear ar dhímheas chun bunchostas nó luacháil na sócmhainní seasta inláimhsithe a dhíscríobh, lúide a luach iarmharach measta, thar a saolré fhóinteach mar a leanas:

Áitreach	2% líne dhíreach
Daingneáin, agus feistis	10% líne dhíreach
Trealamh ríomhairí	20% líne dhíreach

Déantar an gnóthachan nó an cailteanas a eascraíonn de bharr dhiúscairt sócmhainne a chinneadh mar an difríocht idir fáiltais díolacháin agus luach tugtha anonn na sócmhainne, agus cuirtear san áireamh é sa chuntas loncaim agus Caiteachais.

Lagú na sócmhainní seasta inláimhsithe

Ar gach dáta deiridh tuairiscithe, déanann an Comhar Creidmheasa athbhreithniú ar luach seilbhe a shócmhainní inláimhsithe, lena chinntiú cé acu a bhfuil nó nach bhfuil aon chomhartha ann go bhfuil cailteanas lagaithe i gceist i dtaobh na sócmhainní sin. Má bhíonn a leithéid de chomhartha ann, meastar méid in-aisghabhála na sócmhainne d'fhonn an cailteanas lagaithe (más ann dó) a ríomh. Murar féidir méid in-aisghabhála sócmhainn ar leith a mheas, tomhaiseann an Comhar Creidmheasa méid in-aisghabhála an aonaid ghinte airgid lena mbaineann an tsócmhainn.

Is é an méid in-aisghabhála an tsuim is airde de luach cóir, lúide costais díola agus luach úsáide. Nuair a bhítear ag meas luach úsáide, lascaíntear sreafaí airgid measta na todhchaí de

réir a luacha ag an am i láthair trí leas a bhaint as ráta lascaire roimh cháin a léiríonn measúnuithe reatha margaidh den amluach airgid agus na rioscaí áirithe a bhaineann leis an tsócmhainn nár coigeartaíodh i sreafaí airgid measta na todhchaí.

Má mheastar go bhfuil méid in-aisghabhála sócmhainne níos lú ná a suim ghlanluacha, laghdaítear suim ghlanluacha na sócmhainne go dtí a méid in-aisghabhála. Cuirtear caillteanas lagaithe san áireamh sa Chuntas loncaim agus Caiteachais láithreach.

Déantar caillteanais lagaithe aitheanta a athneartú sa chás nach bhfuil feidhm a thuilleadh ag na rudaí ba chúis leis an gcaillteanas lagaithe, agus sa chás sin amháin. I gcás ina ndéantar athneartú i dtaobh caillteanas lagaithe ina dhiaidh sin, méadaítear suim ghlanluacha na sócmhainne go dtí meastachán athbhreithnithe a suime in-aisghabhála, ach sa chaoi nach sáraíonn an tsuim ghlanluacha mhéadaithe an tsuim ghlanluacha a bheadh ann dá mba rud é nár aithníodh aon chaillteanas lagaithe i dtaobh na sócmhainne sna blianta roimhe sin. Cuirtear athneartú caillteanas lagaithe san áireamh sa Chuntas loncaim agus Caiteachais láithreach.

Airgead agus coibhéis airgid

Is ionann coibhéis airgid agus infheistíochtaí gearrthéarmacha atá an-leachtach agus so-aistrithe go méideanna aitheanta airgid agus atá faoi réir riosca neamhshuntasach a bhaineann le hathruithe ar luach. Dá bhrí sin, is gnách go gcáilíonn infheistíocht mar choibhéis airgid má thagann a leithéid chun aibíochta laistigh de thréimhse ghairid agus sa chás sin amháin – m.sh. trí mhí nó níos lú ó dháta na fála.

Ionstraimí airgeadais

Roghnaigh an Comhar Creidmheasa forálacha Roinn 11 ‘Bunionstraimí Airgeadais’ agus Roinn 12 ‘Saincheisteanna Eile maidir le hionstraimí Airgeadais’ den FRS 102 a chur i bhfeidhm ar a chuid ionstraimí airgeadais go léir. Aithnítear ionstraimí airgeadais nuair a bhíonn an Comhar Creidmheasa mar pháirtí fhorálacha conartha na hionstraime.

Ní dhéanfar sócmhainní agus dliteanais airgeadais a fhritháireamh, leis na glanmhéideanna a thíolactar sna ráitis airgeadais, ach amháin nuair, atá ceart atá infhorfheidhmithe le dlí na méideanna aitheanta a fhritháireamh agus go bhfuil sé i gceist socrú ar ghlanbhonn nó an tsócmhainn a réadú agus an dliteanas a ghlanadh ag an am céanna. Déantar sócmhainní agus dliteanais airgeadais a rangú de réir thábhacht na socruithe conartha a dhéantar.

Bunsócmhainní airgeadais

Tomhaistear bunsócmhainní airgeadais ar dtús ag praghas an idirbhirt, le costais an idirbhirt san áireamh, agus iompraítear ag costas amúchta ina dhiaidh sin iad trí úsáid a bhaint as modh an úis ghlan. Tá na nithe seo a leanas san áireamh sna Bunionstraimí Airgeadais:

Iasachtaí do bhaill. Is ionann iasachtaí do bhaill agus sócmhainní airgeadais lena ngabhann íocaíochtaí seasta nó inchinntithe. Aithnítear iasachtaí nuair a thugtar airgead ar airleacan do bhaill, ríomhtar iad ag costas amúchta trí úsáid a bhaint as modh an úis ghlan.

Feichiúnaithe eile. Ar dtús, tomhaistear infháltais eile ar nós réamhíocaíochtaí ag praghas an idirbhirt, le costais an idirbhirt san áireamh, agus tomhaistear ag costas amúchta ina dhiaidh sin iad trí úsáid a bhaint as modh an úis ghlan.

Dí-aithint na sócmhainní airgeadais. Ní dhí-aithnítear sócmhainní airgeadais ach amháin sna cásanna seo a leanas: téann na cearta conartha maidir leis na sreafaí airgid ón tsócmhainn in éag nó socraítear iad; aistríonn an Comhar Creidmheasa bunús na rioscaí agus sochair úinéireachta uile a bhaineann leis an tsócmhainn airgeadais chuig páirtí eile; coinnítear roinnt

rioscaí agus sochair úinéireachta shuntasacha ach aistrítear rialú na sócmhainne chuig páirtí eile atá in ann an tsócmhainn a dhíol ina hiomláine le tríú páirtí neamhghaolmhar.

I gcás iasachtaí do bhaill, dí-aithnítear iasachtaí nuair a théann an ceart maidir le sreafaí airgid a fháil ó na hiasachtaí in éag – nuair a aisíocann an ball na méideanna uile a bhí ag seasamh amach. Ní aistríonn an Comhar Creidmheasa iasachtaí chuig tríú páirtithe.

Lagú na sócmhainní airgeadais. Déantar sócmhainní airgeadais, seachas iad siúd a choinnítear de réir a luacha chóir, a mheas le haghaidh comharthaí lagaithe ar gach dáta deiridh tuairiscithe.

Lagaítear sócmhainní airgeadais má bhíonn fianaise oibiachtúil ann go ndearnadh difear do na reafaí airgid measta mar gheall ar imeacht amháin nó níos mó a tharla i ndiaidh chéadaitheant na sócmhainne airgeadais. Má tá sócmhainn lagaithe, is ionann an caillteanas lagaithe agus an difríocht idir an tsuim ghlánluacha agus luach reatha na sreafaí ionchais airgid arna lascainiú ag glanráta úis bunaidh na sócmhainne.

I gcás lagú iasachtaí do bhaill, déantar na hiasachtaí a mheas i dteannta a chéile i ngrúpaí ag a bhfuil saintréithe riosca creidmheasa den chineál céanna, ach amháin iasachtaí móra aonair a ndéantar measúnú maidir le lagú ar gach gach aon cheann acu.

Aithnítear aon chaillteanas lagaithe sa Chuntas loncaim agus Caiteachais.

Má thagann laghdú ar an gcaillteanas lagaithe mar gheall ar imeacht a tharlaíonn tar éis lagú ar leith a aithint, déantar an lagú a athneartú. De réir an athneartaithe seo, ní sháraíonn an tsuim ghlánluacha reatha an tsuim ghlánluacha a bheadh ann dá mba rud é nár aithníodh an lagú roimhe sin. Aithnítear athneartú an lagaithe sa Chuntas loncaim agus Caiteachais.

Infheistíochtaí a choinnítear ag costas amúchta. Déantar infheistíochtaí a choinnítear ag costas amúchta a thomhas ag costas amúchta trí úsáid a bhaint as modh an úis ghlán lúide aon lagú. Ciallaíonn sé sin go dtomhaistear an infheistíocht de réir an méid a íoctar ar an infheistíocht, lúide aon aisíocaíochtaí bunairgid; móide nó lúide an t-amúchadh carnach, trí úsáid a bhaint as modh an úis ghlán, ar aon difríocht idir an méid tráth na céadaitheanta agus an méid tráth na haibíochta; lúide, i gcás sócmhainne airgeadais, aon laghdú as lagú nó neamh-inbhailitheacht. Dá bhrí sin, déantar an toradh ar na hinfeistíochtaí sin a leathnú amach thar thréimhse ama, ach cuirtear aon lagú ar luach na hinfeistíochta san áireamh láithreach bonn.

Ionstraimí airgeadais eile. Ar dtús, tomhaistear sócmhainní airgeadais eile ag a luach cóir agus iompraítear ag a luach cóir iad ina dhiaidh sin agus cuirtear athruithe ar an luach cóir san áireamh san ioncam agus caitechas go bliantúil.

Foráil do dhrochfhiacha

Cuirtear drochfhiacha a díscríobhadh agus drochfhiacha a aisghabhadh san áireamh sa Ráiteas loncaim. Déanann Comhar Creidmheasa Cholm Cille Teoranta, measúnú ar gach dáta den chlár comhardaithe, ar cibé an bhfuil aon fhianaise oibiachtúil ann go bhfuil aon lagú i gceist in aon iasacht do bhaill. Déantar iasachtaí a mheas i dteannta a chéile i ngrúpaí ag a bhfuil saintréithe riosca creidmheasa den chineál céanna. Déantar iasachtaí móra a mheas ar bhonn gach iasacht ar leith.

Aithnítear drochfhiacha sa Chomhar Creidmheasa nuair a bhíonn amhras réasúnach ann nach mbaileofar an bunairgead uile, nó nuair a thagann meath ar chumas airgeadais an iasachtaí sa mhéid go bhfuil amhras maidir le haisghabháil na hiasachta iomláine atá ag seasamh amach nó aisghabháil cuid d'iasacht atá ag seasamh amach. I ngach cás nach bhfuil sé praiticiúil an méid in-aisghabhála a mheas, laghdaítear an tsuim ghlánluacha go nialas.

Bundliteanais airgeadais

Scaireanna na mBall. Aithnítear bundliteanais airgeadais ar dtús ag praghas an idirbhirt, lena áirítear costais idirbhirt, ach amháin más idirbheart maoinithe é an socrú, ina dtomhaistear an ionstraim fiachais de réir luach láithreach na n-íocaíochtaí todhchaí, arna lascaíniú ag ráta úis an mhargaidh. Iompraítear dliteanais airgeadais ag costas amúchta ina dhiaidh sin trí úsáid a bhaint as modh an úis ghlan.

Creidiúnaithe eile. Rangaítear suimeanna iníoctha eile mar dhliteanais reatha má bhíonn íocaíocht dlite laistigh de bhliain amháin nó níos lú. Mura mbíonn, cuirtear i láthair iad mar dhliteanais neamhreacha. Tomhaistear suimeanna iníoctha eile ag praghas an idirbhirt ar dtús. Tomhaistear iad ina dhiaidh sin ag costas amúchta trí úsáid a bhaint as modh an ghlanráta úis.

Dí-aithint an dliteanais airgeadais. Dí-aithnítear dliteanais airgeadais nuair a urscaoiltear nó nuair a chealaítear oibleagáidí an Chomhair Chreidmheasa a shonraítear sa chonradh, nó nuair a théann siad in éag.

Pá Saoire

Déantar dliteanas a aithint sa mhéid teidlíochta ar phá saoire nach bhfuil úsáidte agus a fhabhraítear ar dháta an Chláir Chomhardaithe agus a thugtar ar aghaidh chuig tréimhsí sa todhchaí. Tomhaistear é sin ag costas tuarastail gan lascaine na teidlíochta saoire sa todhchaí atá fabhráithe ar dháta an Chláir Chomhardaithe.

Pinsin

Feidhmíonn an Comhar Creidmheasa scéim pinsin le ranníocaíochtaí sainithe d'fhostaithe. Coinnítear sócmhainní na scéime astu féin scartha ó shócmhainní an Chomhair Chreidmheasa. Cuirtear ranníocaíochtaí bliantúla atá iníoctha le scéim phinsin an Chomhair Chreidmheasa san áireamh san áireamh ar an gCuntas loncaim sa tréimhse lena mbaineann siad.

Tá Comhar Creidmheasa Cholmcille Teoranta páirteach i scéim pinsin d'fhostaithe an tionscail uile (Scéim Pinsin Chonradh na hÉireann de Chomhair Chreidmheasa Phoblacht na hÉireann). Is scéim pinsin le sochar sainithe í seo agus bainistíonn iontaobhaithe na Scéime na sócmhainní. Is é ILCU príomhfhostóir na Scéime.

Is Scéim pinsin ilfhostóirí í an scéim agus mar gheall ar an gcineál Scéime atá i gceist, ní féidir le Comhar Creidmheasa Cholmcille Teoranta a sciar féin de bhunshócmhainní agus bhundliteanais na Scéime a aithint. Dá bhar sin, áirítear an Scéim mar phlean ranníocaíochtaí sainithe.

Má dhéantar comhaontú leis an Scéim ina socráitear conas a mhaoineoidh Comhar Creidmheasa Cholmcille Teoranta easnamh a bhaineann le seirbhís san am atá thart, aithneoidh Comhar Creidmheasa Cholmcille Teoranta dliteanas i leith na ranníocaíochtaí iníoctha a eascraíonn as an gcomhaontú (sa mhéid go mbaineann siad leis an easnamh).

Sochair Fostaithe

Tá an Comhar Creidmheasa páirteach i scéim pinsin an tionscail ar fad i gcomhair fostaithe (Scéim Pinsin Phoblacht na hÉireann de chuid Chonradh na hÉireann de Chomhair Chreidmheasa). Scéim sochair shainithe atá á maoiniú i sin ina mbainistíonn iontaobhaithe na Scéime na sócmhainní.

Is scéim ilfhostóirí í an scéim agus mar gheall ar an gcineál scéime atá i gceist, ní féidir leis an gComhar Creidmheasa a sciar de bhunsócmhainní agus dliteanas na scéime a aithint astu féin. Dá bhrí sin, cuireann an Comhar Creidmheasa an scéim san áireamh mar phlean ranníocaíochtaí sainithe.

Tá plean maoiniúcháin comhaontaithe ann i leith na Scéime Pinsin de bharr easnamh san Íoschaighdeán Maoiniúcháin arna dheimhniú ag Achtúire na Scéime i 2009. Dá bharr sin, aithníonn an Comhar Creidmheasa dliteanas ar gach dáta den Chlár Comhardaithe dá ranníocaíochtaí amuigh is iníoctha faoin bplean maoiniúcháin comhaontaithe sa mhéid is go mbaineann siad le maoiniú geallta i leith an easnaimh lena mbaineann an plean maoiniúcháin.

Dáileachán

Is é polasaí Chomhar Creidmheasa Cholmille Teoranta ráta réasúnta díbhinne agus lacáiste úis ar iasachtaí a íoc faoi réir chostais oibriúcháin a chumhdach agus ceanglais chúlchiste a chomhlíonadh mar a leagtar amach i mBeartas Bainistíochta Cúlchistí an Chomhair Chreidmheasa.

Cúlchistí

Cúlchiste Rialála. De réir Rialachán 2016 faoin Acht um Chomhar Creidmheasa 1997 (Ceanglais Rialála), ceanglaítear ar an gComhar Creidmheasa Cúlchiste Rialála íosta de 10% ar a laghad de shócmhainní an Chomhair Chreidmheasa a bhunú agus a choimeád.

Cúlchiste Riosca Oibriúcháin. Tá Cúlchiste Riosca Oibriúcháin bunaithe ag an gComhar Creidmheasa faoi Alt 45(5)(a) den Acht um Chomhar Creidmheasa (arna leasú). Seo cúlchiste ar leith agus sa bhreis ar na cúlchistí a éilítear ar an gComhar Creidmheasa a choinneáil ina chúlchiste Rialála. Ghlac an Comhar Creidmheasa le ‘Cur Chuige an Bhuntáscaire’ a mholtar faoi rialacha Basel II maidir le leordhóthanacht caipitil chun na híosmhéideanna atá le coinneáil sa chúlchiste seo a ríomh.

Cúlchiste Díbhinne. Is éard is cúlchistí indáilte ann ná barrachais atá carntha go dtí seo nár dearbhaíodh mar dhíbhinní nó mar lacáiste úis iasachta is féidir a thabhairt ar ais do na baill nó a chur i leataobh don chúlchiste Riosca Rialála nó don chúlchiste Oibríochtúil.

Cúlchiste Ioncam Infheistíochta Neamh-indáilte. Déantar ioncam infheistíochta nach bhfaighfear laistigh de 12 mhí ó dháta an Chláir Chomhardaithe a rangú mar ioncam “neamh-indáilte” sna ráitis airgeadais agus níl sé indáilte mar dhíbhinn de réir na Rialachán 2016 faoi Alt 31 den Acht um Chomhar Creidmheasa 1997 (Ceanglais Rialála). Déantar athrangú idir neamh-indáilte agus indáilte de réir mar a thagann infheistíochtaí i ngiorracht 12 mhí den dáta aibíochta.

Cúlchiste Ginearálta. Bunaíodh cúlchistí ginearálta chun samhail ghnó an Chomhair Chreidmheasa a chothú agus a fhorbairt.

3. BREITHIÚNAS AGUS MEASTACHÁIN CHUNTASAÍOCHTA CHRITICIÚLA

Éilíonn ullmhú na ráiteas airgeadais go mbainfear úsáid as meastacháin chuntasaíochta áirithe. Ceanglaítear freisin ar na Stiúrthóirí úsáid a bhaint as meastacháin chuntasaíochta ar leith. Sonraítear thíos na réimsí ina bhfuil níos mó breithiúnaisag teastáil, nó breis castachta i gceist, agus na réimsí ina bhfuil boinn tuisceana agus meastacháin níos tábhachtaí maidir leis na ráitis airgeadais.

Caillteanas lagaithe ar iasachtaí do bhaill

Tá beartas chuntasaíochta an Chomhair Chreidmheasa maidir le lagú sócmhainní airgeadais leagtha amach sna beartais chuntasaíochta. Ar ndóigh ní féidir meastachán cinnte a thabhairt ar chaillteanas iasachtaí agus bíonn sé ag brath ar go leor cúinsí, ina measc, treochtaí maidir le caillteanas iasachtaí, saintréithe maidir leis an riosca creidmheasa in aicmí iasachtaí, timpeallacht eacnamaíoch - áitiúil agus idirnáisiúnta, coinníollacha in earnálacha éagsúla den gheilleagar a mbíonn neamhchosaint ag an gComhar Creidmheasa ina gcoinne, agus, fachtóirí seachtracha eile amhail ceanglais dhlíthiúla agus rialála. Déantar an riosca creidmheasa a shainiú, a mheasú agus a thomhas trí úsáid a bhaint as uirlisí rátála agus scórála agus cuirtear an bhéim ar líon seachtainí i riaráistí agus ar mhéadrachtaí inbhraite eile maidir le riosca creidmheasa. Bíonn tionchar ag na rátálacha ar bhainistiú iasachtaí aonair. Bíonn an rátáil chreidmheasa mar chúis leis an measúnú lagaithe, agus más ábhartha, cuirtear soláthar sonrach ar iasachtaí aonair nuair atá amhras faoi cibé an féidir na hiasachtaí a aisghabháil nó nach féidir. Déanann an Comhar Creidmheasa monatóireacht ar an soláthar do chaillteanas iasachtaí, agus déanann an Comhar Creidmheasa measúnú ar ar leordhóthanacht an tsoláthair gach ráithe, agus déantar é a cheadú. I measc na bpríomhbhonn tuisceana is bun le meastacháin an Chomhair Chreidmheasa ar sholáthair chomhpháirteacha d'iasachtaí agus na saintréithe céanna maidir leis an riosca creidmheasa, agus, tá forálacha Fabhráithe Ach Nach Bhfuil Tuairiscithe ("IBNR") bunaithe ar eispéiris stairiúla an Chomhair Chreidmheasa mar aon le breithiúnas an Chomhair Chreidmheasa maidir le coinníollacha ábhartha sa timpeallacht theicniúil, coinníollacha an mhargaidh, agus coinníollacha sa timpeallacht eacnamaíoch nó dlíthiúil i gcoitinne ina bhfeidhmíonn an Comhar Creidmheasa. Má dhéantar iasacht a lagú, is ionann an caillteanas lagaithe agus an difríocht idir luach anonn na hiasachta agus luach reatha na sreafaí airgid ionchais a bhí lascainithe ag bunráta úis ghlan na sócmhainne agus scaireanna i ngeall agus urrús eile de réir mar is cuí. Déantar boinn tuisceana a chúlthástáil de réir na tairbhí i leith an cháis. Tar éis tréimhse ama, nuair a bhaintear de thátal as nach bhfuil aon ionchas i ndáiríre ann go ndéanfar iasachtaí/cuid d'iasachtaí a cuireadh faoi réir soláthar sonraithe, a aisghabháil, díscríobhann an Comhar Creidmheasa an méid sin den iasacht a mheastar nach féidir a aisghabháil in aghaidh an tsoláthair sonraithe atá á sealbhú i gcoinne na hiasachta.

Dímheas réadmhaoinne, gléasra agus trealamh

Braitheann an muirear dímheasa bliantúil go príomha ar na saolréanna eacnamaíocha fóna a mheastar i leith gach cineál sócmhainne agus ar mheastacháin na luachanna iarmharacha. Déanann na stiúrthóirí athbhreithniú rialta ar shaolréanna eacnamaíocha fóna na sócmhainní agus athraíonn siad iad de réir mar is gá i bhfianaise na smaointeoireachta reatha i dtaobh saolréanna maidir le húsáid eacnamaíoch agus riocht fisiceach na sócmhainní lena mbaineann. Is féidir le hathruithe ar shaolréanna fóna na sócmhainní tionchar a bheith acu ar ar mhuirir dhímheasa agus amúchta don tréimhse. Tugtar sonraí faoi na saolréanna eacnamaíocha fóna sna beartais chuntasaíochta.

Pinsin

Tá Comhar Creidmheasa Cholmille Teoranta páirteach i scéim pinsin d'fhostaithe an tionscail i gcoitinne (Scéim Pinsin Chonradh na hÉireann de Chomhair Chreidmheasa Phoblacht na hÉireann). Is scéim mhaoinithe í seo den chineál sochair sainithe, le sócmhainní infheistithe i gcosta ar leith arna riar ag iontaobhaithe. Teastaíonn breithiúnas chun a mheas an bhfuil dóthain eolais ag Comhar Creidmheasa Cholmille Teoranta le go mbeidh sé in ann cuntas a thabhairt ar an bplean mar phlean sochair sainithe. Tá measúnú déanta ar an eolas atá ar fáil faoi láthair agus chinn Comhar Creidmheasa Cholmille Teoranta nach bhfuil dóthain eolais ar fáil faoi láthair chun leithdháileadh cuí sócmhainní agus dliteanas pinsin a sholáthar de bharr na nithe seo a leanas:

- Ní dhéanann fostóirí sócmhainní na scéime a leithscaradh ná a rianú. Níl dóthain faisnéise ann chun na sócmhainní a leithdháileadh go cuí ar fhóistoirí aonair mar go ndéantar ranníocaíochtaí a íoctar a chomhthiomsú in aon chiste amháin agus níl stór sócmhainní leithscartha ag aon cheann de na fostóirí a dhéanann ranníocaíochtaí.
- Is éard is baill dílleachta ann ná na baill sin (pinsinéirí san áireamh) a rinne ranníocaíocht leis an scéim roimhe seo inar íoc a bhfostóir costas scoir agus dá bharr sin nach bhfuil aon dliteanas breise acu maidir leis an scéim. Leanann dliteanas pinsin maidir leis na baill aonair seo. Tá éiginnteacht ann maidir le cé air a bhfuil an dualgas i leith baill dílleachta faoi láthair agus sa todhchaí.
- Tá ríomhanna an Phlean Mhaoinithe bunaithe ar sciar dliteanais gach fostóir ag pointe ama. Ní thugann sé seo le tuiscint go bhfuil gach fostóir ag déanamh ranníocaíochta de réir a dhliteanais. Is measúnú ag pointe ama atá ann maidir le deimhniú an ráta ranníocaíochta agus ní dhéantar uasdátú air ina dhiaidh sin le haghaidh athruithe ar dhliteanas fostóirí a d'fhéadfadh tarlú sa todhchaí a chur san áireamh. Ina dhiaidh sin, de réir mar a leanann próifíl na scéime ag athrú, beidh tras-fhóirdheontas nádúrtha ann i gcónaí.

4. MÍR EISCEACHTÚIL

Tá Comhar Creidmheasa Cholmille Teoranta páirteach i Scéim Pinsin Sochair Sainithe Ilfhostóra Chonradh na hÉireann de Chomhair Chreidmheasa (ILCU). I rith na bliana dar chríoch 30 Meán Fómhair 2022, cuireadh easnamh atá sa scéim pinsin seo in iúl do na comhair chreidmheasa rannpháirteacha go léir. Bunaithe ar ríomhanna a chuir iontaobhaithe na scéime ar fáil, is suim de €412,280 an sciar a bhaineann le Comhar Creidmheasa Cholmille Teoranta chun an t-easnamh seo a shásamh. D'íoc Comhar Creidmheasa Cholmille Teoranta an méid seo le hiontaobhaithe na Scéime i 2022.

Tar éis CCB ILCU, a reáchtáladh i mí Aibreáin 2022, ritheadh rún inar aontaíodh go bhfaigheadh comhair chreidmheasa chleamhnaithe ILCU lacáiste ón Scéim um Chosaint Coigiltis ILCU chun cabhrú leis an dliteanas seo a mhaoiniú. Ba é an chuid den mhaoiniú seo a bhain le Comhar Creidmheasa Cholmille Teoranta ná €243,136, agus íocadh 90% de seo roimh 30 Meán Fómhair 2022, agus an t-iarbhéid le bheith íoctha tar éis dhá mhí dhéag i ndiaidh dháta an chlár chomhardaithe. De bharr nach bhfuiltear ag súil go bhfaighear an t-iarbhéid 10% seo laistigh de dhá mhí dhéag ó dháta an chlár chomhardaithe, aistríodh suim de €24,314 isteach sa Chiste Ioncaim Neamhréadaithe toisc nach bhfuil sé indéilte go fóill.

5. ÚS AR IASACHTAÍ NA mBALL

Ús ar iasachtaí a fuarthas sa bhliain airgeadais.

2022
€1,037,317

2021
€1,031,251

6. ÚS AR IASACHTAÍ NA mBALL

I mí Mheán Fómhair 2018, scríobh Clárann na gComhar Creidmheasa ("RCU") chuig gach comhar creidmheasa agus tugadh le fios go rabhtas ar an eolas maidir le fadhb ar leith a d'fhéadfadh a bheith le hús fabhráithe nach bhfuil íoctha ar iasachtaí i gcúinsí inar tugadh creidmheas breise do bhall trí iasacht bhreisithe, a bhféadfadh sé go mbeadh an iomarca úis íoctha mar thoradh air. Tá mionscrúdú déanta ag Comhar Creidmheasa Cholmcille Teoranta ar an ábhar seo agus chuaigh siad i dteagmháil le páirtithe leasmhara éagsúla. Tar éis an scrúdaithe seo, tá cinneadh déanta ag Bord Chomhar Creidmheasa Cholmcille Teoranta aisíocaíochtaí a thabhairt do bhaill ar bhain an t-ábhar seo leo agus tá sé beartaithe na haisíocaíochtaí sin a dhéanamh roimh an 31 Márta 2023. Rinne Comhar Creidmheasa Cholmcille Teoranta soláthar do dhliteanas measta i ráitis airgeadais 2022. Tá an Bord sásta gur leor an soláthar seo chun déileáil leis an ábhar seo.

7. IONCAM ÚIS EILE AGUS IONCAM DÁ SHAMHAIL

	2022	2021
	€	€
Ioncam ó infheistíochtaí a fuarthas.	252,943	234,527
Ioncam infheistíochta infhála laistigh de 12 mhí.	116,948	163,660
	<u>369,891</u>	<u>398,187</u>

8. ÚS INÍOCTHA AGUS DÍBHINNÍ

Ag deireadh na bliana airgeadais rinne na stiúrthóirí suim de €274,286 a leithdháileadh sa Chúlchiste Dáileacháin agus féadfar é a úsáid le tabhairt ar ais do na baill mar dhíbhinn agus trí lacáiste úis iasachta trí rún lena n-aontóidh tromlach na mball, ag an gcrúinniú ginearálta bliantúil. Níl aon mholadh déanta maidir le dáileadh díbhinne i leith na bliana airgeadais reatha nó na bliana roimhe sin.

9. IONCAM EILE

	2022	2021
	€	€
Ioncam FEXCO	11,640	6,314
Airgead tugtha anonn	977	421
Táillí Aisíochta Éileamh - E.C.C.U	17,347	-
Ioncam ilghnéitheach	1,121	6,198
	<u>31,085</u>	<u>12,933</u>

10. FOSTAITHE AGUS LUACH SAOTHAIR

Ba seo a leanas líon na bhfostaithe, ar an meán, gach mí i rith na bliana airgeadais:

	2022 Líon	2021 Líon
Príomhphearsanra bainistíochta	4	4
Foireann eile	7	6
	<u>11</u>	<u>10</u>
Costais Foirne:	2022 €	2021 €
Pá agus tuarastail	410,571	408,526
Costais Phinsin	29,826	47,058
	<u>440,397</u>	<u>455,584</u>

11. PRÍOMHPHEARSANRA BAINISTÍOCHTA

Seo a leanas luach saothair an phríomhphearsanra bainistíochta:

	2022 €	2021 €
Sochair ghearrthéarmacha d'fhostaithe	<u>193,300</u>	<u>197,492</u>

12. AIRGEAD AGUS COIBHÉISÍ AIRGID

Is airgead tirim agus taiscí agus infheistíochtaí a thiocfaidh chun aibíochta laistigh de thrí mhí nó cothrom le trí mhí atá i gceist le hairgead agus coibhéisí airgid.

	2022 €	2021 €
Airgead agus iarmhéideanna sa bhanc	5,311,626	2,679,371
Taiscí agus infheistíochtaí	27,885,450	28,499,879
	<u>33,197,076</u>	<u>31,179,250</u>

Is ionann coibhéisí airgid agus infheistíochtaí gearrthéarmacha atá an-leachtach agus so-aistrithe go méideanna aitheanta airgid agus atá faoi réir riosca neamshuntasach a bhaineann le hathruithe ar luach. Dá bhrí sin, is gnách go gcáilíonn infheistíocht mar choibhéis airgid má thagann a leithéid chun aibíochta laistigh de thréimhse ghairid agus sa chás sin amháin – m.sh. trí mhí nó níos lú ó dháta na fála.

13. RÉADMHAOIN, GLÉASRA AGUS TREALAMH

	Áitreabh	Fearais & feistis	Trealamh ríomhairí	Iomlán
	€	€	€	€
Costas				
Ar 1 Deireadh Fómhair 2021	1,161,023	155,407	200,053	1,516,483
Breiseanna	-	600	-	600
	<u>1,161,023</u>	<u>156,007</u>	<u>200,053</u>	<u>1,517,083</u>
Ar 30 Meán Fómhair 2022	1,161,023	156,007	200,053	1,517,083
Dímheas				
Ar 1 Deireadh Fómhair 2021	281,631	141,577	106,376	529,584
Muirear don bhliain airgeadais	23,220	2,015	25,484	50,719
	<u>304,851</u>	<u>143,592</u>	<u>131,860</u>	<u>580,303</u>
Ar 30 Meán Fómhair 2022	304,851	143,592	131,860	580,303
Glanluach de réir na leabhar				
Ar 30 Meán Fómhair 2022	856,172	12,415	68,193	936,780
	<u>879,392</u>	<u>13,830</u>	<u>93,677</u>	<u>986,899</u>
Ar 30 Meán Fómhair 2021	879,392	13,830	93,677	986,899

14. IASACHTAÍ DO BHAILL – SÓCMHAINNÍ AIRGEADAIS

14.1 IASACHTAÍ DO BHAILL

	2022	2021
	€	€
Amhail 1 Deireadh Fómhair	13,569,881	12,863,462
A íocadh amach i rith na bliana airgeadais	5,864,346	6,601,254
A aisíocadh i rith na bliana airgeadais	(5,550,801)	(5,891,341)
lasachtaí díscríofa	(36,080)	(3,494)
Oll-lasachtaí do bhaill	14.2 <u>13,847,346</u>	<u>13,569,881</u>

Lamháltais lagaithe

Déantar anailís ar an soláthar do dhrochfhiacha mar a leanas;

Measúnú ar lasachtaí Aonair	(130,917)	(181,893)
Measúnú Grúpáilte ar lasachtaí	(827,719)	(792,204)
Soláthar lasachtaí	14.3 (958,636)	(974,097)
Ar an 30 Meán Fómhair	14.2 <u>12,888,710</u>	<u>12,595,784</u>

14.2 NOCHTUITHE UM RIOSCAÍ CREIDMHEASA

	2022	2022	2021	2021
	€	%	€	%
Oll-iasachtaí lagaithe - aonair				
Idir 27 agus 39 seachtaine thar dháta dlite	1,888	0.01	22,061	0.16
Idir 40 agus 52 seachtain thar dháta dlite	29,886	0.22	42,417	0.32
53 seachtain nó níos mó thar dháta dlite	121,735	0.88	167,215	1.23
lomlán	153,509	1.11	231,693	1.71
Oll-iasachtaí lagaithe - grúpáilte				
Nach bhfuil thar dháta dlite	12,921,665	93.32	12,307,337	90.70
Suas le 9 seachtaine thar dháta dlite	714,792	5.16	906,319	6.68
Idir 10 agus 18 seachtaine thar dháta dlite	51,821	0.37	101,088	0.74
Idir 19 agus 26 seachtaine thar dháta dlite	5,559	0.04	23,444	0.17
lomlán	13,693,837	98.89	13,338,188	98.29
lomlán oll-iasachtaí	13,847,346	100.00	13,569,881	100.00
Lamháltais lagaithe				
lasachtaí móra aonair	(130,917)		(181,893)	
lasachtaí atá measúnaithe go comhpháirteach	(827,719)		(792,204)	
Luach anonn iomlán	12,888,710		12,595,784	

14.3 CUNTAS SOLÁTHAIR IASACHTA I GCOMHAIR CAILTEANAIS LAGAITHE

	2022	2021
	€	€
Amhail an 1 Deireadh Fómhair	974,097	943,001
Lamháltais a athneartaíodh i rith na bliana airgeadais	(15,461)	31,096
(Laghú)/Méadú an tsoláthair iasachta i rith na bliana airgeadais	(15,461)	31,096
Amhail an 30 Meán Fómhair	958,636	974,097

14.4 GLAN-AISGHABHÁLACHA NÓ CAILLTEANAIS AITHEANTA DON BHLIAIN AIRGEADAIS

	2022 €	2021 €
Drochfhiacha a aisghabhadh	(26,080)	(28,286)
Méadú/(Laghdú) i soláthar fiacha a bhfuil amhras ina dtaobh	(15,461)	30,899
	(41,541)	2,613
lasachtaí díscríofa	36,080	3,494
Glan (aisghabhálacha) / cailíteanaí maidir le hiasachtaí do bhaill, atá aitheanta don bhliain airgeadais	<u>(5,461)</u>	<u>6,107</u>

14.5 ANAILÍS AR OLL-IASACHTAÍ NACH BHFUIL AISÍOCHTA

	2022 Líon na nlasachtaí	2022 €	2021 Líon na nlasachtaí	2021 €
Níos lú ná bliain amháin	222	306,481	242	362,489
Níos mó ná bliain amháin agus níos lú ná trí bliana	579	2,649,780	553	2,569,215
Níos mó ná 3 bliana agus níos lú ná 5 bliana	516	4,630,425	587	5,368,144
Níos mó ná 5 bliana agus níos lú ná 10 mbliana	243	5,577,873	189	4,249,637
Níos mó ná 10 mbliana agus níos lú ná 25 bliain	21	682,787	29	1,020,396
	<u>1,581</u>	<u>13,847,346</u>	<u>1,600</u>	<u>13,569,881</u>

15. FEICHIÚNAITHE, RÉAMHÍOCAÍOCHTAÍ AGUS IONCAM FABHRAITHE

	2022 €	2021 €
Réamhíocaíochtaí	77,514	62,522
Ioncam fabhraithe	135,416	185,477
	<u>212,930</u>	<u>247,999</u>

16. TAISCÍ AGUS INFHEISTÍOCHTAÍ

	2022 €	2021 €
Taiscí bainc agus airgid	27,885,450	28,499,879
Bannaí Rialtais agus bainc	7,455,812	10,278,994
Cúlchiste íosta an Bhanc Ceannais	2,539,197	2,539,102
	<u>37,880,459</u>	<u>41,317,975</u>

17. SCAIREANNA NA MBALL – DLITEANAIS AIRGEADAIS

	2022	2021
	€	€
Amhail an 1 Deireadh Fómhair	48,708,043	47,396,172
A fuarthas i rith na bliana airgeadais	15,694,377	22,871,704
A aisíocadh i rith na bliana airgeadais	(16,342,027)	(21,559,833)
Amhail an 30 Meán Fómhair	<u>48,060,393</u>	<u>48,708,043</u>

Tá scaireanna na mball in-aisíoctha ar éileamh ach amháin scaireanna atá ceangailte le hiasachtaí. Is mar seo a leanas atá miondealú na scaireanna ceangailte agus gan cheangal:

	2022	2021
	€	€
Scaireanna ceangailte	44,129,199	45,099,523
Scaireanna gan cheangal	3,931,194	3,608,520
iomlán	<u>48,060,393</u>	<u>48,708,043</u>

18. CREIDIÚNAITHE EILE AGUS FABHRUITHE

	2022	2021
	€	€
Fabhruithe	<u>259,194</u>	<u>214,665</u>

19. CÚLCHISTÍ AN CHOMHAIR CHREIDMHEASA

	Cúlchiste rialála	Cúlchiste dáileacháin	Cúlchiste riosca oibríochtúil	Cúlchistí Eile	iomlán
	€	€	€	€	€
Ar 1 Deireadh Fómhair 2021	6,940,440	274,286	249,266	1,441,328	8,905,320
Leithdháileadh barrachais sa bhliain airgeadais	-	-	-	5,598	5,598
Ar 30 Meán Fómhair 2022	<u>6,940,440</u>	<u>274,286</u>	<u>249,266</u>	<u>1,446,926</u>	<u>8,910,918</u>

Ar an 30 de Mheán Fómhair 2022, bhí 12.13% de na sócmhainní iomlána á choimeád ag an gComhar Creidmheasa (30 Meán Fómhair 2021: 12.00%) i gCúlchiste Rialála. Tá seo níos mó ná an riachtanas go mbeadh 10% de na sócmhainní iomlána i gCúlchiste Rialála an Chomhair Chreidmheasa.

Ar an 30 de Mheán Fómhair 2022, bhí 0.44% de na sócmhainní iomlána á choimeád i gCúlchiste Riosca Oibríochtúil ag an gComhar Creidmheasa (30 Meán Fómhair 2021: 0.43%)

De réir alt 45 d'Achtanna um Chomhar Creidmheasa 1997 go 2018, chuir Comhar Creidmheasa Cholmcille Teoranta Cúlchiste Riosca Oibríochtúil ar bun.

Baineann an Cúlchiste ginearálta le cúlchistí carntha, réadaithe agus neamhdháilte an chomhair chreidmheasa.

Cúlchiste rialála

Ceanglaítear ar an gComhar Creidmheasa cúlchiste Rialála íosta a choimeád agus a bhunú ina bhfuil 10% ar a laghad de shócmhainní an Chomhair Chreidmheasa, i gcomhréir leis na Rialacháin faoin Acht um Chomhar Creidmheasa 1997 (Ceanglais Rialála), 2016.

Tar éis fheidhmiú Alt 13 d'Acht 2012, ní gá do Chomhair Chreidmheasa a thuilleadh 10% dá mbarrachas bliantúil a aistriú gach bliain airgeadais chuig a gCúlchiste Reachtúil (ar a dtugtar an Cúlchiste Rialála anois).

Cúlchiste dáileacháin

Is iad na cúlchistí dáileacháin na barrachais charntha go dtí seo nár dearbhaíodh mar dhíbhiní nó lacáiste úis ar iasachtaí in-aischurtha chuig baill nó curtha i leataobh i gcúlchistí Rialála nó Riosca Oibríochtúil.

Cúlchiste riosca oibríochtúil

Tá cúlchiste Riosca Oibríochtúil bunaithe ag an gComhar Creidmheasa faoi Alt 45(5)(a) den Acht um Chomhar Creidmheasa (arna leasú), ar rud ar leith as féin é, de bhreis ar na cúlchistí a éilítear ar an gComhar Creidmheasa a shealbhú ina chúlchiste Rialála. Ghlac an Comhar Creidmheasa le 'Cur Chuige Buntáscaire' a mholtar faoi rialacha leordhóthanachta caipitil Basel chun na híosmhéideanna a bheidh le coimeád sa chúlchiste sin a ríomh. Ar dháta an chláir chomhardaithe, b'ionann an Cúlchiste Riosca Oibríochtúil agus 0.43% (2020: 0.44%) de na sócmhainní iomlána.

Cúlchistí eile

Is éard atá sna cúlchistí eile ná Cúlchiste loncain Neamhréadaithe agus Cúlchiste Ginearálta an chomhair chreidmheasa. Cúlchiste neamh-indáilte é an Cúlchiste loncain Neamhréadaithe a bhaineann le hioncam infheistíochta a thuilleadh i rith na bliana dar chríoch 30 Meán Fómhair 2022 agus atá infhaighte go neamh-inchúlghairthe ach nach n-íocfar go dtí dáta níos déanaí ná 30 Meán Fómhair 2023.

20. Ionstraimí Airgeadais

Soláthraíonn an Comhar Creidmheasa iasachtaí pearsanta agus gnó agus soláthraíonn sé táirgí coigiltis freisin dá chuid ball. Infheistíonn an Comhar Creidmheasa cistí farasbairr féachaint lena chinntiú go mbeidh an toradh ó iasachtaí agus infheistíochtaí na mball sách maith le forchostais an Chomhair Chreidmheasa a ghlanadh agus toradh réasúnta a sholáthar do bhaill ar a gcuid scaireanna. Tá clár riosca ag an gComhar Creidmheasa chun cabhrú leis na stiúrthóirí bainistiú a dhéanamh ar na rioscaí éagsúla a eascraíonn óna chuid gníomhaíochtaí ina bhfuil eisiúint iasachtaí do bhaill san áireamh chomh maith le hinfeistiú cistí farasbairr an Chomhair Chreidmheasa.

Is iad na príomhrioscaí airgeadais a eascraíonn as gníomhaíochtaí an Chomhair Chreidmheasa ná riosca creidmheasa, riosca leachtachta agus riosca maidir le ráta úis. Aontaíonn agus athbhreithníonn an Bord beartais chun gach ceann de na rioscaí sin a bhainistiú. Tá achoimre orthu seo thíos.

Riosca Creidmheasa: Is ionann riosca creidmheasa agus an riosca go loicfidh iasachtaithe ar a n-oibleagáidí conartha maidir le haisíocaíochtaí leis an gcomhar creidmheasa, rud a chruthódh cailleanas airgeadais don Chomhar Creidmheasa. Leis an riosca sin a bhainistiú faomhann an Bord beartas creidmheasa an Chomhair Chreidmheasa, agus na hathruithe ar fad ar an

mbeartas sin. Déantar measúnú ar gach iarratas ar iasacht i bhfianaise an bheartais creidmheasa atá i bhfeidhm ag an am. Ina dhiaidh sin, déantar athbhreithniú rialta ar iasachtaí maidir le tosca ar bith ina bhféadfadh athrú teacht ar an seans go ndéanfar an iasacht a aisíoc.

Tá neamhchosaint ag baint le hinfheistíochtaí an Chomhair Chreidmheasa freisin i dtaca le riosca creidmheasa agus maolaíonn an Comhar Creidmheasa an riosca sin mar nach ndéantar infheistíochtaí ach le hinstiúidí airgeadais ina bhfuil rátálacha creidmheasa láidre ag na céilí conartha agus úsáidtear táirgí infheistíochta atá údaraithe ag an mBanc Ceannais.

Riosca Leachtachta: Is é polasaí an Chomhair Chreidmheasa cistí leordhóthanacha a choimeád i bhfoirm leachtach i gcónaí lena chinntiú go mbeidh sé in ann a chuid dliteanas a ghlanadh de réir mar a bhíonn siad dlite. Cloíonn an Comhar Creidmheasa leis an gcóimheas leachtachta íosta agus leis an gcóimheas leachtachta gearrthéarmach íosta mar atá leagtha amach sna Rialacháin um Acht um Chomhar Creidmheasa 1997 (Ceanglais Rialála), 2016 agus sna Rialacháin faoi Acht um Chomhar Creidmheasa 1997 (Ceanglais Rialála) (Leasaithe), 2018.

Riosca Margaidh: Bíonn riosca maidir le rátaí úis, riosca airgeadra agus riosca praghais eile i gceist le riosca margaidh de ghnáth. Déanann an Comhar Creidmheasa a chuid idirbheart uile in Euro agus ní bhíonn sé ag déileáil le díorthaigh ná le margaí tráchtearraí. Dá bhrí sin, níl an Comhar Creidmheasa neamhchosanta i dtaobh aon chineál riosca airgeadra nó riosca praghais eile.

Riosca maidir le rátaí úis: Eascraíonn príomhriosca maidir le ráta úis an Chomhair Chreidmheasa as difríochtaí idir na neamhchosaintí ráta úis ar na suimeanna infhaighte agus na suimeanna iníoctha, ar cuid dhílis iad d'oibríochtaí an Chomhair Chreidmheasa. Cuireann an Comhar Creidmheasa na rátaí úis atá infhaighte ar infheistíochtaí agus ar iasachtaí na mball san áireamh nuair a bhíonn cinneadh á dhéanamh aige maidir leis an ráta díbhinne atá iníoctha ar scaireanna agus aon lacáiste úis ar iasachtaí.

20.1 NOCHTADH UM RIOSCA RÁTAÍ ÚIS

Is idir 6% agus 12% an ráta úis a bhíonn i gceist ar na hiasachtaí do bhaill. Cinntítear an díbhinn ar scaireanna ar bhonn ioncaim lúide costais riaracháin agus, mar atá le feiceáil thuas, coinnítear corrlach comhleanúnach idir ús infhaighte agus an díbhinn. Dá bharr sin, ní bhíonn an barrachas don bhlaiin íogair go sonrach don riosca ráta úis agus ní chuirtear aon anailís íogaireachta i láthair thíos.

20.2 NEAMHCHOSAINT DO RIOSCA LEACHTACHTA

Tá dliteanais airgeadais uile an Chomhair Chreidmheasa in-aisíoctha ar éileamh seachas roinnt scaireanna de chuid na mball atá ceangailte le hiasachtaí.

21 SCÉIM PINSIN

Tá Comhar Creidmheasa Cholmcille Teoranta páirteach i scéim pinsin ginearálta d'fhostaithe sa tionscal (Scéim Pinsin Chonradh na hÉireann de Chomhair Chreidmheasa, Poblacht na hÉireann). Is scéim pinsin le sochar sainithe í seo ina bhfuil na sócmhainní á mbainistiú ag iontaobhaithe na Scéime.

Ar 31 Márta 2022, tháinig deireadh le fabhrú na scéime sochair sainithe agus cé gur choinnigh an fhoireann na sochair go léir a bhí tuillte acu sa scéim go dtí sin, stop Comhar Creidmheasa Cholmcille Teoranta agus na fostaithe ag déanamh ranníocaíochtaí rialta leis an scéim agus scoir siad de bheith ag tuilleamh aon sochar breise ón scéim.

Ar dháta dúnta na scéime, leithdháileadh easnamh a bhain le seirbhís san am atá thart ar gach comhar creidmheasa ar leith, bunaithe ar na sochair iomlána a thuill baill foirne i ngach comhar creidmheasa. Is suim de €412,280 a bhí i gceist le sciar Chomhar Creidmheasa Cholmcille Teoranta maidir le heasnamh a bhain le seirbhís san am atá thart. Tá an costas iomlán seo san áireamh sa chuntas brabúis agus cailteanais don bhliain dar chríoch 30 Meán Fómhair 2022. D'íoc Comhar Creidmheasa Cholmcille Teoranta an tsuim seo le linn na bliana dar chríoch 30 Meán Fómhair 2022.

De bharr gur scéim pinsin chomhthiomsaithe í seo, tá Comhar Creidmheasa Cholmcille Teoranta fós faoi dhliteanas costas a sciar féin a chlúdach maidir le haon mhéadú a d'fhéadfadh a bheith i gceist sa todhchaí ar chostas iomlán na n-íocaíochtaí pinsin d'fhostaithe an chomhair chreidmheasa a bhí páirteach sa scéim. D'fhéadfadh Comhar Creidmheasa Cholmcille Teoranta éirí as an scéim agus mar sin ní bheadh orthu riachtanas íocaíochta breise a dhéanamh arís ach bheadh costas breise suntasach i gceist dá bhfágfadh an comhar creidmheasa an scéim.

Má fhágann comhar creidmheasa an Scéim, ceanglaítear orthu an tsuim scoir a chinneann na hiontaobhaithe a íoc leis na hiontaobhaithe chun sochair a mhaoiniú dá gcuid ball gníomhach, iarchurtha agus pinsinéirí. Mar sin socráíonn an comhar creidmheasa atá ag imeacht as an scéim aon dliteanas a bhíonn i gceist maidir le ranníocaíocht a dhéanamh leis an Scéim sa todhchaí.

Is scéim ilfhostóra í an Scéim agus déantar na sócmhainní a chomhthiomsú, agus roinntear na rioscaí a bhaineann leis na dliteanais do gach fostóir rannpháirteach. Teastaíonn breithiúnas chun a mheas an bhfuil dóthain eolais ag Comhar Creidmheasa Cholmcille Teoranta chun a sciar féin de shócmhainní agus dliteanais phinsin a shainaithint. Tá measúnú déanta ar an eolas atá ar fáil agus dhearbhaigh Comhar Creidmheasa Cholmcille Teoranta nach bhfuil dóthain eolais ar fáil faoi láthair. Mar thoradh air sin, tugann Comhar Creidmheasa Cholmcille Teoranta cuntas ar an bplean mar phlean pinsin le ranníocaíocht shainithe.

De ghnáth, déanann achtúire na Scéime atá neamhspleách agus a bhfuil cáilíocht ghairmiúil aige/aici athbhreithniú achtúireach ar an gciste gach trí bliana. Déantar dliteanais na scéime san am atá caite agus san am atá le teacht a mheas san athbhreithniú achtúireach. Rinneadh an t-athbhreithniú achtúireach tríbhliantúil deireanach, le dáta éifeachta de 29 Feabhra 2020, ag baint úsáide as modh luachála na hAoise Sroichte.

Rinneadh athbhreithniú ar an Scéim i gcomhar le comhairleoirí, neamhspleách ar na hiontaobhaithe. Ba é toradh an athbhreithnithe seo gur chóir go gcuirfí deireadh le fabhrúithe don Scéim sa todhchaí agus tharla sé seo le héifeacht ón 31 Márta 2022 le Plean Maoinithe bainteach leis.

Tá sócmhainní agus dliteanais na Scéime agus na príomhbhoinn tuisceana san áireamh sa tábla thíos ar dhátaí an Phlean Maoinithe agus dáta luachála tríbhliantúil deiridh, faoi seach:

	31 Márta 2022	29 Feabhra 2020
Sócmhainní	€283.4m	€250.0m
Dlíteanais	€377.1m	€291.8m
Easnamh	€93.7m	€41.8m
	31 Márta 2022	29 Feabhra 2020
Toradh na hInfeistíochta sa tréimhse	3.35%	3.50%
Toradh infheistíochta fad agus a bhí pinsean á fháil	0.25%	0.40%
Innéacsú bliantúil na bpinsean fabhraithe suas go dtí am scoir	2.05%	1.25%
Méadú bliantúil ar Phinsin atá á n-íoc	3% / 0%	3% / 0%
Ionchas saoil		
Maireann fir 65 bliain go haois	87	86
Maireann mná 65 bliain go haois	89	88
Méid pinsin a malartaíodh ar airgead tirim saor ó cháin, ag am scoir	0%	25%

22 IDIRBHEARTA PÁIRTITHE GAOLMHARA

I rith na bliana airgeadais, d'fheidhmigh roinnt páirtithe gaolmhara den Chomhar Creidmheasa (i.e. stiúrthóirí, baill den choiste maoirseachta boird, foireann bainistíochta an Chomhair Chreidmheasa agus a dteaghlach nó aon ghnó ina raibh scairseilbh suntasach ag na stiúrthóirí nó ag an bhfoireann bainistíochta), cuntais scaireanna agus iasachta leis an gComhar Creidmheasa.

Déantar gach iasacht a airleactar do pháirtithe gaolmhara a fhaomhadh i gcomhréir le hAlt 36(4) den Acht um Chomhar Creidmheasa, 1997 (arna leasú). Bhí na hidirbhearta agus na hiarmhéideanna thíos i gceist i gcás na mball arbh Oifigigh iad sa bhliain airgeadais dar chríoch an 30 Meán Fómhair 2022-

B'ionann na hiasachtaí ag seasamh amach le páirtithe gaolmhara agus 2.40% de na hiasachtaí iomlána ag seasamh amach ar dháta an chláir chomhardaithe.

	Líon lasachtaí	2022
lasachtaí a íocadh le Páirtithe Gaolmhara i rith na bliana airgeadais	14	€75,100
iomlán na n-iasachtaí ag seasamh amach le Páirtithe Gaolmhara ag deireadh na bliana airgeadais	15	€169,706
iomlán na gcuntas scaireanna atá á sealbhú ag Páirtithe Gaolmhara.		<u>€564,600</u>

23 ÁRACHAS IN AGHAIDH CALAOISE

Tá árachas in aghaidh calaoise dar fiú €1,260,000 ag an gComhar Creidmheasa, rud atá ag teacht le halt 47 den Acht um Chomhar Creidmheasa, 1997 (arna leasú).

24 CEANGALTAIS CHAIPITIL

Ní raibh aon cheangaltais chaipitil ábhartha ag an gComhar Creidmheasa ag deireadh na bliana airgeadais dar chríoch 30 de Mheán Fómhair 2022.

25 TEAGMHAIS IARCHLÁIR CHOMHARDAITHE

Ní raibh aon teagmhais shuntasacha eile a chuir isteach ar an gComhar Creidmheasa ó dheireadh na bliana airgeadais.

26. DLITEANAIS THEAGMHASACHA

Tá roinnt táirgí infheistíochta ag an gComhar Creidmheasa lena ráthaítear gnóthachan iomlán caipitil má choimeádtar iad go dtí an dáta aibíochta. Sa chás nach gcoimeádfaí na polasaithe seo go dtí an dáta aibíochta, d'fhéadfadh an luach ina airgead a bheith i bhfad ní b'ísle ná luach an chláir chomhardaithe.

27 FAOMHADH NA RÁITEAS AIRGEADAIS

Rinne an Bord Stiúrtha na ráitis airgeadais a fhaomhadh agus a údarú le heisiúint ar an 17 Samhain 2022.

SCEIDIL A GHABHANN LEIS AN gCUNTAS IONCAIM don bhliain airgeadais dar chríoch 2022

Sceideal 1 – Ús ar lasachtaí

	2022	2021
	€	€
Ús ar lasachtaí		
Ús ar iasachtaí na mball	1,037,317	1,031,251
	<u>1,037,317</u>	<u>1,031,251</u>

Sceideal 2 - Ioncam ó Infheistíochtaí

	2022	2021
	€	€
Ioncam ó Infheistíochtaí		
Ioncam a fuarthas ó infheistíochtaí	252,943	234,527
Ioncam infheistíochta infhaighte laistigh de 12 mhí	116,948	163,660
	<u>369,891</u>	<u>398,187</u>

Sceideal 3 – Ioncam Eile

	2022	2021
	€	€
Other Revenue		
Ioncam FEXCO	11,640	6,314
Airgead tugtha anonn	977	421
Táillí Aisíochta Éileamh - E.C.C.U.	17,347	-
Ioncam ilghnéitheach	1,121	6,198
	<u>31,085</u>	<u>12,933</u>

SCEIDIL LEIS AN gCUNTAS IONCAIM

don bhliain airgeadais dar chríoch 2022

Sceideal 4 – Speansais Bhainistíochta Eile

	2022	2021
Speansais Bhainistíochta Eile	€	€
Forbairt na foirne, oiliúint agus seimineáir	4,529	8,048
Cíos agus rátaí	2,868	3,087
Árachas ginearálta	26,348	19,951
Árachas scaireanna agus iasachta	113,229	113,341
Slándáil agus Airgead faoi Bhealach	17,209	14,788
Solas agus teas	11,347	8,478
Deisiúcháin agus athnuachaintí	7,551	14,186
Cothabháil ríomhairí agus trealaimh	88,402	79,446
Priontáil, fógraíocht agus páipéarachas	8,977	12,732
Urraíocht, poiblíocht agus oideachas	12,636	14,121
Teileafón, cumarsáid agus postas	10,469	10,602
Speansais CCB	11,868	14,207
Taisteal agus cothabháil	481	479
Táillí gairmiúla	55,535	61,798
Táillí iniúchóireachta agus cuntasáíochta	17,835	17,220
Ús agus muirir bhainc	34,739	61,136
Speansais ilghnéitheacha	6,510	14,733
Easnamh san airgead	1,619	1,074
Táillí cleamhnaithe	15,404	12,773
Scéim cosanta coigiltis	4,136	3,536
Tobhach rialála	113,069	102,817
Aisióc úis ar iasachtaí breise (Nóta 6)	25,002	-
	589,763	588,553

Tuairisc ón gCoiste Creidmheasa

Ceapann an bord stiúrtha Coiste Creidmheasa chuile bhliain chun monatóireacht a dhéanamh ar an bpróiseas iasachtaí agus chun a chinntiú go gcomhlíontar an Polasaí Creidmheasa mar atá leagtha síos ag an mbord Stiúrtha. Tuairiscíonn an coiste seo don bhord gach mí maidir le méideanna agus treochtaí iasachtaí. Meastar gach iarratas ar iasacht ar bhealach cóir cothrom agus go huile agus go hiomlán faoi rún. Is é an príomhchritéar iasachta ná cumas an iarratasóra an iasacht a aisíoc gan iomarca struis. Tá cur chuige solúbtha againn maidir le hiasachtaí, agus is féidir le daoine an iasacht a íoc ar ais luath gan aon phionós.

In iomlán, cheadaigh an Comhar Credimheasa 918 iasacht sa mbliain agus íocadh amach iasachtaí do €5.864 milliún. (**€6.601 milliún** an bhliain roimhe). I rith na bliana airgeadais tháinig méadú de €277,438 ar iasachtaí agus b'ionann iomlán an leabhar iasachta agus **€13,847,319** ar 30ú Meán Fómhair 2022.

Is ioncam ó iasachtaí an príomhfhoinsé ioncaim atá ag an gcomhar creidmheasa agus muid ag brath go mór air. Tá sé riachtanach go leanfadh muid ag cur na seirbhíse seo chun cinn i measc bhaill nua agus na mball atá linn cheana féin ar mhaithe le hinbhuanaitheacht agus inmharthanacht fhadtéarmach an chomhair chreidmheasa.

Cén fáth a bhfaighfeá iasacht ó Chomhar Creidmheasa Cholmcille:

- Téarmaí agus roghanna Aisíocaíochta solúbtha
- Níl aon phionós má dhéantar an iasacht a aisíoc luath
- Clúdach Árachais saor in aisce ar iasachtaí agus Coigilteas (tá téarmaí agus coinníollacha i gceist)
- Cur chuige pearsanta maidir le hiasachtaí

Tá níos mó seirbhísí ar fáil anois ar líne ionas go mbeidh baill in ann iarratas a dhéanamh ar iasacht ar líne, agus go mbeidh siad in ann cáipéisí tacaíochta a uaslódáil gan aon ghá dóibh teacht chuig oifigí an chomhair chreidmheasa. Féach ar ár suíomh gréasáin www.cccholmcille.ie chun ár gcuid táirgí iasachta uilig a fheiceáil agus is féidir leat do chuid aisíocaíochtaí a ríomh lenár n-áireamhán ar líne.

Ba mhaith leis an gcoiste buíochas ó chroí a ghabháil leis na baill ar fad a fuair iasacht ó Chomhar Creidmheasa Cholmcille le bliain anuas agus as an dílseacht leanúnach linn agus iarrann muid ar na baill cuimhneamh ar an gcomhar creidmheasa ar dtús má bhíonn iasacht ag teastáil uathu amach anseo. Gabhaimid buíochas speisialta leis na hoifigigh iasachta agus leis an bhfoireann ar fad as a gcabhair agus a gcomhoibriú le linn na bliana seo.

<i>An Coiste Creidmheasa</i>	Yvonne Ní Loideáin (Cathaoirleach) Eithne Nic Dhonnacha Johanna Ní Mháille	Deborah Ní Ghibné (Runaí) Tadhg Ó Cualáin
------------------------------	--	--

Tuairisc ón gCoiste Rialaithe Creidmheasa

Leis an árdú ata ag teacht ar ráta boilscithe agus ar chostaisí mareachtála is rómhaith a thuigeann an coiste rialaithe creidmheasa na deacrachtaí airgeadais leanúnacha atá ag go leor dár gcuid ball. Tá sé an-tábhachtach déileáil agus idirphlé a dhéanamh an-luath le baill a bhfuil deacrachtaí airgeadais acu mar is cuid lárnach d’obair an Chomhair Creidmheasa srian a chur le drochfhiacha. Cinntíonn an coiste rialaithe creidmheasa go gcuirtear beartais agus nósanna imeachta ar ghlac an Bord Stiúrtha leo i bhfeidhm, chun aisghabháil agus aisíocaíocht iasachtaí a rialú.

Tagann an coiste le chéile go rialta chun athbhreithniú a dhéanamh ar dheacrachtaí maidir le haisíocaíochta, riaráistí, aisghabháil dhrochfhiacha agus chun monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh bheartas an chomhair creidmheasa. Déantar tuairisciú don Bhord Stiúrtha ag a gcruinnithe míosúla. Déanann baill foirne rialaithe creidmheasa, a oibríonn faoi mhaoirseacht an choiste rialaithe creidmheasa, bainistiú ar an bhfeidhm rialaithe creidmheasa ó lá go lá.

Ba chóir go mbeadh a fhios ag baill a bhfuil riaráistí orthu agus nach ndéanann aisíocaíochtaí rialta de réir a gcomhaontaithe creidmheasa, go bhféadfadh sé go mbeadh éifeacht dhiúltach ag riaráistí iasachta ar a rátáil chreidmheasa, le Comhar Creidmheasa Cholmcille agus le hinstiúidí airgeadais eile, toisc go bhfuil siad uile cláraithe le Biúró Creidmheasa na hÉireann agus leis an bPríomh-Chlár Creidmheasa Bhanc Ceannais na hÉireann.

Tuigeann agus glacann an Bord Stiúrtha leis, nach n-aisíocfar roinnt iasachtaí de réir comhaontuithe agus i ndeireadh na dála nach mbeidh ar chumas an Chomhair Chreidmheasa na hiasachtaí a bhailiú, in ainneoin na n-iarachtaí is fearr ón gcoiste rialaithe creidmheasa agus ón bhfoireann rialaithe creidmheasa.

Bhailigh an comhar creidmheasa €26,080 i ndrochfhiacha sa bhliain airgeadais seo. Déanann an comhar creidmheasa athbhreithniú leanúnach ar cé chomh sásúil agus atá na soláthair in aghaidh fiachas amhrasach i gcomhthéacs an méid iasachtaí nár aisíocadh. Tá an coiste fíor bhuíoch don fhoireann as a gcuid tacaíochta i rith na bliana.

An Coiste Rialaithe Creidmheasa

Gillian Uí Ainmhire
Joanne Ní Dhomhnaill

Brigid Breathnach
Mairín Uí Mháille

Tuairisc ón gCoiste Infheistíochta

An príomhchúram a bhí ar an gCoiste ná cinneadh a dhéanamh i dtaca le moltaí faoi airgead de chuid an Chomhair Creidmheasa a infheistiú, de réir pholasaí infheistíochta an Chomhair Creidmheasa. I ndeireadh na bliana, bhí €37,880,459 d'airgead na mball infheistithe ag an gComhar Creidmheasa (€41,317,975 an bhliain roimhe).

Bhí laghdú mór tagtha ar rátaí úis go hidirnáisiúnta le roinnt blianta agus bhí an titim sin le feiceáil ar an ioncam ó infheistíochtaí a bhí á thuilleamh ag an gComhar Creidmheasa chomh maith. Tá an Banc Ceannais Eorpach tar éis rátaí úis a ardú le roinnt míonna agus tá súil againn go bhfeicfidh muid méadú ar ár n-ioncain ó infheistíochtaí sna míonna agus sna blianta amach romhainn.

€369,891 an t-ioncam a ghnóthaigh an Comhar Creidmheasa le bliain anuas as na hinfeistíochtaí (titim de €28,000 ón mbliain roimhe).

Mar atá ráite ag Dónall i dtuairisc an Chathaoirligh, tá ciste banna corparáideach againn faoi láthair agus bhí an luacháil ag deireadh an bliain airgeadais níos lú ná mar a hiocadh air. Tá an banna seo ag feidhmiú mar aon le bannaí eile sa margadh ach de réir rialacha cuntasáíochta caithfead an laghdú sin a bheith léirithe sna cuntais de bhí gur banna corparáideach atá ann. Mar aon le gach infheistíocht atá ag an gComhar Creidmheasa, tiocfaidh luach an bhanna sin ar ais go hiomlán faoin am a mbeidh an infheistíocht ag aibíú.

Ar ndóigh, is é an chéad rogha ná airgead an Chomhair Creidmheasa a thabhairt amach in iasachtaí do bhaill, ach tá an rogha sin ag brath ar éileamh. Bíonn fuilleach airgid ann ina dhiaidh sin, a chaithfead a infheistiú go slán sábháilte le hioncam a thuilleamh don Chomhar Creidmheasa. Is é bunús an pholasaí infheistíochta ná infheistíocht stuama a dhéanamh ar bharrachas airgid agus ar chúlchistí an Chomhair Creidmheasa ar bhealach a thabharfaidh an toradh infheistíochta is airde leis an tslandáil is mó is féidir, agus freastal ag an am céanna ar riachtanais eile an Chomhair Creidmheasa. Is gá feidhmiú de réir forálacha dlí agus treoirleite eile a leagann an Banc Ceannais agus an Rialtóir Airgeadais síos ó am go ham, rialacha maidir le leachtacht agus maidir le críonnacht na n-infeistíochtaí agus an tréimhse chun aibíochta san áireamh. Cuirtear a leithéidí san áireamh i ngach athbhreithniú bliantúil a dhéantar ar Pholasaí Infheistíochta an Chomhair Creidmheasa. Le blianta anuas tá comhairleoirí infheistíochta ceaptha ag Bord an Chomhair Creidmheasa le comhairle leanúnach a chur ar an mBainistíocht, ar an gCoiste Infheistíochta agus ar an mBord maidir le hinfeistíochtaí a dhéanamh ar bhonn éifeachtach ceart. Faoi láthair, is iad an comhlacht Goodbody, atá rialaithe ag Banc Ceannais na hÉireann, atá ag feidhmiú dhúinn mar chomhairleoirí. Coinníonn siad súil ar ár gcistí airgeadais agus gach vair a bhíonn gá le hinfeistíocht nua a dhéanamh, cuireann siad moltaí i scríbhinn chugainn le measúnú. Is féidir na moltaí a cheistiú, glacadh leo, nó ar ndóigh iad a leasú más ceart, ach feidhmiú de réir pholasaí agus de réir dlí.

Faigheann an Bord Stiúrtha tuarascálacha infheistíochta ón gCoiste ar bhonn ráithiúil ar a laghad, agus níos minice ná sin má fheileann. Choinnigh baill an Choiste Infheistíochta súil ar leith ar na moltaí infheistíochta ar feadh na bliana, ach toisc nach raibh aon chinneadh casta le déanamh agus go raibh dóthain ama ann chun iad a chur faoi bhráid an Bhoird, cuireadh na moltaí díreach chuig an mBord le cinneadh a dhéanamh ina leith. Bhí cruinniú amháin ag an gCoiste le linn na bliana le polasaí a phlé, agus i dtreo dheireadh na bliana chas ionadaithe ón gCoiste leis na comhairleoirí infheistíochta chun an aeráid infheistíochta, straitéis agus eile a phlé.

Sócmainn thábhachtach is ea na hinfeistíochtaí agus tá bainistiú gníomhach leanúnach á dhéanamh orthu chun tacú le hoibríochtaí iasachta an chomhair creidmheasa agus ioncam a

ghiniúint.

Ba mhaith leis an gCoiste Infheistíochta buíochas a ghlacadh leis an bhfoireann ar fad as ucht a gcabhair i rith na bliana, agus leis na comhairleoirí infheistíochta a d'fheidhmigh i rith na bliana ar ár son.

Coiste Infheistíochta

Deborah Ní Ghibne
Dónall Mac Giolla Bhríde
Bríd Ní Cheallaigh

Treasa Uí Fhátharta
Caitlín Ní Ghabháin

Tuairisc Bhallraíochta

Sa bhliain a chuaigh thart chláraigh 207 (2021 – 191) ball nua leis an gComhar Creidmheasa. Ar an iomlán i mí Meán Fómhair 2022 bhí 9,475 ball againn sa Chomhar Creidmheasa. Glacadh le hiarratas ar bhallraíocht ó 113 duine fásta, 88 gasúr, agus 6 choiste le linn na bliana.

Ar nós blianta eile cuireadh liosta d'ainmneacha na n-iarratasóirí go léir os comhair an Bhoird Stiúrtha mar a tháinig siad isteach in aghaidh na míosa. Glacann an Bord le hiarratais má shásaíonn an t-iarratas an critéir do bhallraíocht, sé sin, an t-iarratasóir a bheith ag cónaí, nó ag obair, ó na Forbacha siar go Leitir Mealláin agus ó thuaidh chomh fada le Scríob.

Nuair a ghlactar le hiarratas ó bhall nua cuirtear pasleabhar agus uimhir chuntais ar fáil. Gearrtar táille ballraíochta €1 ar bhaill nua os cionn 16 bliain d'aois agus níl aon táille ar ghasúr. Cuirtear i gcuimhne do na baill, sa tuairisc seo gach bliain, a chinntiú go bhfuil an teolas ar an bhfoirm ainmniúcháin cruinn, suas chun data agus sínithe ag an mball.

Cuireann muid fáilte roimh ár gcuid baill nua agus tá dóchas againn go mbainfidh siad tairbhe as a mballraíocht i gComhar Creidmheasa Cholm Cille Teoranta.

Tuairisc ón gCoiste Ainmniúcháin

Tá ról an-lárnach ag an gCoiste Ainmniúcháin i gcinntiú go gcomhlíonann an Comhar Creidmheasa a gcuid oibleagáidí de réir na reachtaíochta úr do Chomhair Chreidmheasa. Tá an Coiste freagrach as cinntiú go bhfuil meascán maith scileanna ag an mbord agus go bhfuil plean comharbais i bhfeidhm san eagraíocht. Tá sé freagrach freisin as a dheimhniú go bhfuil polasáí traenála agus scileanna i bhfeidhm. Is é an Coiste seo a bhíonn ag déanamh athbhreithniú ar iarratasóirí faoi na treoracha 'Oiriúnacht agus Ionracais' atá leagtha síos dúinn ón mBanc Ceannais.

An Coiste Ainmniúcháin

Bríd Uí Cheallaigh (Cathaoirleach)
Tadhg Ó Cualáin (Rúnaí)
Dónall Mac Giolla Bhríde

Uaireanta Oscailte

An Cnoc

Luan	10:00 - 4:00
Máirt	10:00 - 4:00
Céadaoin	10:00 - 4:00
Déardaoin	10:00 - 5:00
Aoine	10:00 - 5:00
Satharn	09:30 - 2:30

An Cheathrú Rua

Déardaoin	10:00 - 5:00
Aoine	10:00 - 5:00
Satharn	09:30 - 2:30

Dúnta le haghaidh lón 1:45-2:30 Luan-Aoine sa dá oifig



UAIREANTA OSCAILTE NA NOLLAG

	<u>An Cnoc</u>	<u>An Cheathrú Rua</u>
Aoine 23ú	10:00-4:00	10:00-4:00
Satharn 24ú - Céadaoin 28ú	Dúnta	Dúnta
Déardaoin 29ú	10:00-4:00	10:00-4:00
Aoine 30ú	10:00-4:00	10:00-4:00
Satharn 31ú-- Luan 2ú	Dúnta	Dúnta
Máirt 3ú Eanáir	10:00-4:00	

Nollaig Shona ón bhfoireann ar fad agus glacann muid buíochas libh as bhur dtacaíocht i rith na bliana



Comhar Creidmheasa
Cholm Cille Teo

Na Fíricí !!

Fíor

Bréagach



Is féidir iasacht suas go
€75,000 a fháil ag brath
ar do chumas iad a aisíoc



Is féidir leat cuntas a oscailt
inniu agus cur isteach ar
iasacht díreach ansin



Tá rátaí iasachta an
íomaíoch againn ag
tosú ag 5%



Is féidir le gach ball cur
isteach ar iasacht , ag
brath ar a gcumas
aisíocíochta



Ceadaítear 98%
d'iasachtaí taobh istigh
de 24 uair a chloig



Tá seirbhísí baincérachta
ar líne chomh maith le aip
nua ar fáil do na bail



Is féidir cinnte an fhad is go
bhfuil tú i do chonáí nó ag
obair ó Na Forbacha siar go
Leitirmealláin nó i gceantar
Chamuis



Níl me in ann ach x 3 oiread
mo chuid coigiltis a fháil ar
iasacht



Caithfidh mé sábháil ar
feadh cúpla mí sula féidir
liom cur isteach ar iasacht



Tá na rátaí iasachta ró ard



Ní féidir liom cur isteach ar
iasacht mura bhfuil mé ag
obair



Tógann se an fhada
iasacht a fháil ceadaithe



Tá Comhair Chreidmheasa
sean-nósach



Ní féidir liom a bheith i mo
bhall mar tá mé i mo bhall
de Chomhar Credimheasa
eile




Comhar Creidmheasa
Cholm Cille Teo

Iasacht ón mbaile !

**1. Déan Iarratas
ar iasacht ar
líne**

**2. Síniú d'ó
ar líne**

**3. Airgead isteach
díreach go do
chuntas bainc**



98% d'iasachtaí ceadaithe ar an lá

www.cccholmcille.ie